**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla*

**2021/0381(COD)**

5.12.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla (COM(2021)0731 – C9-0433/2021 – 2021/0381(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Angelika Niebler



*Aontaithe san éagsúlacht*

PA_Legam

## RÉASÚNÚ GEARR

Is é an daonlathas an luach is tábhachtaí dúinn in AE. De réir Airteagal 10 de Chonradh Liospóin, bunófar feidhmiú an Aontais ar an daonlathas ionadaíoch. Leagtar amach go sonrach in Airteagal 11, i.a., go dtabharfar an deis do shaoránaigh agus do chomhlachais ionadaíocha a gcuid tuairimí a chur in iúl agus iad a mhalartú go poiblí i ngach réimse de ghníomhaíocht an Aontais. Thairis sin, coinneoidh na hinstitiúidí idirphlé oscailte, trédhearcach agus rialta leo.

De réir Airteagal 12 den Chairt um Chearta Bunúsacha, rannchuidíonn páirtithe polaitiúla ar an leibhéal Eorpach le toil pholaitiúil na saoránach in AE a chur in iúl. Tá an daonlathas bunaithe ar rannpháirtíocht na saoránach. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach aird saoránach a tharraingt agus iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa phlé polaitiúil. Leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, léiríodh go bhfuil spéis mhór ag saoránaigh sa dioscúrsa polaitiúil. Spreag an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa na mílte saoránach chun páirt pholaitiúil a ghlacadh agus a dtuairimí a chur in iúl sa díospóireacht pholaitiúil. Ní mór cultúr na díospóireachta polaitiúla sin a chothú.

Leis an bhfógraíocht pholaitiúil, cuirtear ar chumas vótálaithe difríochtaí idir seasaimh pholaitiúla na ngníomhaithe polaitiúla a shainaithint. Dá bharr sin, is féidir le vótálaithe a bheith ar an eolas faoi thosaíochtaí polaitiúla na ngníomhaithe polaitiúla. Tá an fheidhm fhaisnéiseach seo den fhógraíocht pholaitiúil ríthábhachtach chun díospóireacht dhaonlathach a chothú agus rannpháirtíocht dhaonlathach a fheabhsú. Ar an dóigh sin, is gné ríthábhachtach í trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla do vótálaithe chun a shainaithint cén gníomhaí polaitiúil a scaipeann an fógra polaitiúil agus chun comhthéacs an fhógra a thuiscint.

Déantar dochar don daonlathas nuair a dhéantar an dioscúrsa polaitiúil a chúbláil agus nuair atá faisnéis á saobhadh. Leis na cásanna ollfheachtais bhréagaisnéise san Aontas, amhail scannal Cambridge Analytica, léirítear an leochaileacht sin. Tá an baol go bhféadfaí cúbláil a dhéanamh an-mhór nuair a bhíonn an intleacht shaorga nó teicneolaíochtaí eile i gceist. Is ag dul i méid atá an baol maidir le feachtais bhréagaisnéise do shaoránaigh, go háirithe sa saol digiteach. Ní mór na feachtais sin a chosc ionas gur féidir le saoránaigh teacht ar a dtuairimí féin ar bhonn faisnéis fhónta.

Ní mór saoirse na meán agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a urramú i gcónaí ionas gur féidir tuairimí a mhalartú go hoscailte. Tá iriseoirí san Aontas ag tuairisciú ar shaincheisteanna polaitiúla sna meáin ar líne, go háirithe le linn feachtais toghcháin, agus dá réir sin, cuirtear faisnéis ar fáil do shaoránaigh. Tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir ábhar eagarthóireachta agus fógraíocht pholaitiúil de réir sainmhínithe, ionas go gcosnófar saoirse na meán agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.

A mhéid a bhaineann leis an bpolaitíocht réigiúnach agus áitiúil agus leis an bhfógraíocht pholaitiúil, níl aon tionchar soiléir ar rialacha mhargadh inmheánach an Aontais. Ar an gcúis sin, níor cheart an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ach amháin maidir le toghcháin an Aontais agus toghcháin náisiúnta.

Is iad soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla digití príomhsheolaithe an rialacháin seo. Déanann soláthraithe na seirbhísí sin fógraíocht pholaitiúil dhigiteach a ullmhú, a shuíomh, a

chur chun cinn, a fhoilsiú nó a scaipeadh san Aontas. Ar an gcúis sin, ba cheart a shainiú go soiléir sa Rialachán seo cé na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar an seolaí.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Teideal 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Togra le haghaidh | Togra le haghaidh |
| RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE |
| maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla | maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla ***ar líne*** |
| (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) | (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) Is bunluach Eorpach é an daonlathas agus ní bheidh rath air ach amháin i dtimpeallacht ina gcloífear leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, i gcomhréir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha, rud a fhágfaidh go mbeidh gach duine in ann a dtuairimí a chur in iúl. Cuid dhílis den daonlathas is ea cultúr oscailte na díospóireachta polaitiúla inar féidir iolracht tuairimí a chur in iúl. Tá*** |

***daonlathas folláin ag brath ar rannpháirtíocht ghníomhach na saoránach agus le go mbeidh an rannpháirtíocht sin fiúntach, ní mór dóibh a bheith in ann a mbreithiúnais féin a dhéanamh i spás poiblí ina mbeidh gníomhaithe polaitiúla in ann teagmháil a dhéanamh le vótálaithe agus iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa phlé polaitiúil.***

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1b) Spreag an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa na mílte saoránach chun páirt pholaitiúil a ghlacadh agus a dtuairimí a chur in iúl sa díospóireacht pholaitiúil. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar cultúr na díospóireachta polaitiúla sin a chothú.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1c) Le linn na dtréimhsí toghcháin Eorpaigh agus náisiúnta, bíonn páirtithe i mbun feachtais chun cur ar chumas vótálaithe roghanna toghcháin a dhéanamh ar bhonn díospóireacht oscailte, ina gcuirtear a seasaimh pholaitiúla éagsúla in iúl. Saoránaigh atá rannpháirteach, eolasach agus cumhachtaithe, is iad is fearr a ráthaíonn athléimneacht ár ndaonlathas. Tá an baol ann go ndéanfaidh srianta ar fhógraíocht pholaitiúil dochar don daonlathas agus, dá bhrí sin, ba cheart údar docht a bheith*** |

| | |
|---|---|
| | ***leo agus iad a bheith comhréireach i gcónaí.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) ***Is féidir*** fógraíocht pholaitiúil ***a scaipeadh nó a fhoilsiú thar theorainneacha ar bhealaí éagsúla agus ar na meáin éagsúla. Is féidir í a scaipeadh nó a fhoilsiú trí na meáin thraidisiúnta as líne, cur i gcás nuachtáin, teilifís agus raidió, agus ina theannta sin, níos mó ná riamh, trí*** ardáin ar líne, ***trí shuíomhanna*** gréasáin, ***trí fheidhmchláir*** mhóibíleacha, ***trí chluichí*** ríomhaireachta agus ***trí chomhéadain*** dhigiteacha eile. Ní hamháin go bhfuil ***na meáin*** ar líne níos oiriúnaithe do bheith á ***dtairiscint*** ar bhonn trasteorann, ach cruthaíonn ***siad*** dúshláin nua chasta ó thaobh rialála agus ***forfheidhmithe*** de freisin. Tá méadú mór ag teacht ar úsáid na fógraíochta polaitiúla ar líne agus tairgtear cineálacha áirithe fógraíochta polaitiúla líneacha as líne, amhail an raidió agus an teilifís, agus ar líne freisin mar sheirbhísí ar éileamh. Is iondúil go n-eagraítear feachtais fógraíochta polaitiúla ar bhealach a bhainfidh leas as réimse meán agus foirmeacha. | (2) ***Tá méadú ag teacht ar na modhanna seo a leanas trína scaiptear nó trína bhfoilsítear*** fógraíocht pholaitiúil***:*** ardáin ar líne, ***suíomhanna*** gréasáin, ***feidhmchláir*** mhóibíleacha, ***cluichí*** ríomhaireachta agus ***comhéadain*** dhigiteacha eile. Ní hamháin go bhfuil ***fógraíocht pholaitiúil*** ar líne níos oiriúnaithe do bheith á ***tairiscint*** ar bhonn trasteorann, ach cruthaíonn ***sí*** dúshláin nua chasta ó thaobh rialála agus ***forfheidhmiú*** de freisin***, go háirithe maidir le hilroinnt rialála ar fud na mBallstát***. Tá méadú mór ag teacht ar úsáid na fógraíochta polaitiúla ar líne agus tairgtear cineálacha áirithe fógraíochta polaitiúla líneacha as líne, amhail an raidió agus an teilifís, agus ar líne freisin mar sheirbhísí ar éileamh. Is iondúil go n-eagraítear feachtais fógraíochta polaitiúla ar bhealach a bhainfidh leas as réimse meán agus foirmeacha. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Ós rud é gur ar luach saothair a sholáthraítear an fhógraíocht de ghnáth, is ionann an fhógraíocht agus gníomhaíocht | (3) Ós rud é gur ar luach saothair a sholáthraítear an fhógraíocht de ghnáth, is ionann an fhógraíocht agus gníomhaíocht |

| | |
|---|---|
| seirbhíse, lena n-áirítear an fhógraíocht pholaitiúil, faoi Airteagal 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE'). I nDearbhú Uimh. 22 maidir le daoine faoi mhíchumas, dearbhú a ghabhann le Conradh Amstardam, tháinig Comhdháil Ionadaithe Rialtais na mBallstát ar chomhaontú, agus bearta á n-ullmhú faoi Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), go bhfuil institiúidí an Aontais chun aird a thabhairt ar na riachtanais atá ag daoine faoi mhíchumas. | seirbhíse, lena n-áirítear an fhógraíocht pholaitiúil, faoi Airteagal 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE'). I nDearbhú Uimh. 22 maidir le daoine faoi mhíchumas, dearbhú a ghabhann le Conradh Amstardam, tháinig Comhdháil Ionadaithe Rialtais na mBallstát ar chomhaontú, agus bearta á n-ullmhú faoi Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), go bhfuil institiúidí an Aontais chun aird a thabhairt ar na riachtanais atá ag daoine faoi mhíchumas. ***Ba cheart an ceart atá ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine scothaosta a bheith rannpháirteach agus imeasctha i saol polaitiúil agus daonlathach an Aontais a áirithiú.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Is sprioc phoiblí dhlisteanach é an ***gá le*** trédhearcacht a áirithiú, i gcomhréir leis na luachanna atá ag an Aontas agus ag na Ballstáit de bhun Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ('CAE'). ***Ní éasca i gcónaí*** do na saoránaigh fógraíocht pholaitiúil a aithint ná a gcearta daonlathacha a fheidhmiú ar bhealach feasach. Tá gá le hardleibhéal trédhearcachta, i measc nithe eile, chun tacú le dioscúrsa polaitiúil atá oscailte agus cothrom agus le toghcháin nó reifrinn atá saor agus cothrom, agus chun an bhréagaisnéis agus cur isteach neamhdhleathach, lena n-áirítear trasnaíocht eachtrach, a chomhrac. Is féidir le fógraíocht pholaitiúil a bheith ina éascaitheoir bréagaisnéise, go háirithe i gcás nach nochtar an ghné pholaitiúil atá ag an bhfógraíocht, agus i gcás ina bhfuil spriocdhíriú i gceist. ***Má bhaineann trédhearcacht le fógraíocht pholaitiúil, tacófar leis na vótálaithe tuiscint níos*** | (4) Is sprioc phoiblí dhlisteanach é an trédhearcacht a áirithiú, i gcomhréir leis na luachanna atá ag an Aontas agus ag na Ballstáit de bhun Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ('CAE'). ***Le trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla, tacófar leis na vótálaithe tuiscint níos fearr a bheith acu ar chásanna ina mbíonn fógra polaitiúil á chur os a gcomhair, cén duine a bhfuil fógra á dhéanamh thar a cheann, ionas gur fearr is féidir le vótálaithe roghanna feasacha a dhéanamh. Mar sin féin, is minic a bhíonn sé ina dhúshlán*** do na saoránaigh fógraíocht pholaitiúil a aithint ná a gcearta daonlathacha a fheidhmiú ar bhealach feasach. Tá gá le hardleibhéal trédhearcachta, i measc nithe eile, chun tacú le dioscúrsa polaitiúil atá oscailte agus cothrom agus le toghcháin nó reifrinn atá saor agus cothrom, agus chun an bhréagaisnéis agus cur isteach neamhdhleathach, lena n-áirítear |

| | |
|---|---|
| ***fearr a bheith acu ar chásanna ina mbíonn fógra polaitiúil á*** chur ***os a gcomhair, cén duine a bhfuil fógra á dhéanamh thar a cheann, agus cén chaoi a bhfuil soláthraí seirbhíse fógraíochta ag spriocdhíriú orthu, ionas gur fearr is féidir le vótálaithe roghanna feasacha a dhéanamh***. | trasnaíocht eachtrach, a chomhrac. Is féidir le fógraíocht pholaitiúil a bheith ina éascaitheoir bréagaisnéise, go háirithe i gcás nach nochtar an ghné pholaitiúil atá ag an bhfógraíocht, agus i gcás ina bhfuil spriocdhíriú i gceist. ***Níor cheart go bhfágfadh ceanglais bhreise trédhearcachta go mbeadh gníomhaithe polaitiúla neamhchosanta ar bhrú ag institiúidí stáit a d'fhéadfadh teorainn a*** chur ***lena saoirse chun tuairimí a nochtadh***. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) Sa bhreis ar bhearta trédhearcachta agus chun cur i bhfeidhm cuí an Rialacháin seo a áirithiú, tá sé riachtanach freisin go rannchuideoidh na Ballstáit agus na geallsealbhóirí ábhartha le feabhas a chur ar litearthacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin i measc na saoránach, go háirithe maidir leis an díospóireacht pholaitiúil agus na toghcháin. Ba cheart litearthacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin a thuiscint mar an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint a chuireann ar chumas na saoránach dul i dteagmháil go héifeachtach leis na meáin agus le soláthraithe faisnéise eile i ndáil le fógraíocht pholaitiúil, agus buneolas a fháil ar na coincheapa agus na scileanna is gá chun comhlíonadh agus forfheidhmiú an Rialacháin seo a áirithiú.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) I gcomhthéacs na fógraíochta ***polaitiúla***, is minic a úsáidtear teicnící spriocdhírithe. Ba cheart teicnící spriocdhírithe agus aimpliúcháin a thuiscint mar theicnící a ***úsáidtear*** chun fógra polaitiúil spriocdhírithe a dhíriú ar dhuine sonrach nó ar ghrúpa daoine sonrach, sin nó chun cúrsaíocht, raon feidhme nó infheictheacht fógra pholaitiúil a mhéadú. I bhfianaise na cumhachta agus na hacmhainneachta atá ann chun mí-úsáid a bhaint as sonraí pearsanta, lena n-áirítear trí mhicrea-spriocdhíriú agus teicnící eile níos forbartha, d'fhéadfadh sé go mbeadh bagairt ar leith ag baint leis na teicnící sin ar leasanna dlisteanacha an phobail, amhail cothroime, comhdheiseanna agus trédhearcacht sa phróiseas toghcháin agus an ceart bunúsach chun bheith ar an eolas ar bhealach oibiachtúil, trédhearcach agus iolraíoch. | (5) I gcomhthéacs na fógraíochta, ***lena n-áirítear fógraíocht pholaitiúil,*** is minic a úsáidtear teicnící spriocdhírithe ***agus seachadta fógraí***. Ba cheart teicnící spriocdhírithe agus ***seachadta fógraí agus*** aimpliúcháin a thuiscint mar theicnící a ***úsáideann urraitheoirí, foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla nó soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla*** chun fógra polaitiúil spriocdhírithe a dhíriú ***nó a scaipeadh*** ar dhuine sonrach nó ar ghrúpa daoine sonrach, sin nó chun cúrsaíocht, raon feidhme nó infheictheacht fógra pholaitiúil a mhéadú. I bhfianaise na cumhachta agus na hacmhainneachta atá ann chun mí-úsáid a bhaint as sonraí pearsanta ***trí spriocdhíriú***, ***go háirithe ar líne,*** lena n-áirítear trí mhicrea-spriocdhíriú agus teicnící eile níos forbartha, d'fhéadfadh sé go mbeadh bagairt ar leith ag baint leis na teicnící sin ***chun críche fógraíocht pholaitiúil*** ar ***líne, nuair a bhaintear mí-úsáid astu, ar*** leasanna dlisteanacha an phobail, amhail ***an daonlathas,*** cothroime, comhdheiseanna agus trédhearcacht sa phróiseas toghcháin agus an ceart bunúsach chun bheith ar an eolas ar bhealach oibiachtúil, trédhearcach agus iolraíoch. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) Leis na feachtais bhréagaisnéise a tharla le déanaí tar éis chogadh ionsaitheach na Rúise san Úcráin, chomh maith le scannal Cambridge Analytica, léiríodh conas is féidir an díospóireacht pholaitiúil dhigiteach a chúbláil. Go háirithe le linn tréimhsí toghcháin, déanann feachtais bhréagaisnéise dochar*** |

| | |
|---|---|
| | ***do shaoránaigh ós rud é go gceileann siad an deis orthu cinneadh a dhéanamh bunaithe ar fhaisnéis fhónta. Is cúis mhór imní iad feachtais bhréagaisnéise sa saol digiteach agus is minic a scaiptear iad trí na meáin shóisialta agus ardáin eile ar líne. Ar an gcúis sin, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ach amháin maidir le fógraíocht pholaitiúil dhigiteach.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5b) D'fhéadfadh cur isteach ó thríú tíortha, go háirithe le linn tréimhsí toghcháin, a bheith contúirteach don phróiseas daonlathach má scaiptear bréagaisnéis dá bharr. Dá bhrí sin, níor cheart seirbhísí fógraíochta polaitiúla a sholáthar ach amháin má tá suíomh gnó laistigh de AE ag urraitheoir na fógraíochta polaitiúla digití nó ag an eintiteas a rialaíonn an t-urraitheoir ar deireadh.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Déantar an fhógraíocht pholaitiúil a rialáil go hilchineálach faoi láthair sna Ballstáit, agus dírítear go minic ar fhoirmeacha traidisiúnta na meán. Tá srianta sonracha ann, lena n-áirítear srianta ar sheirbhísí fógraíochta polaitiúla a chur ar fáil thar theorannacha. Cuireann roinnt Ballstát cosc ar sholáthraithe seirbhíse an Aontais atá bunaithe i mBallstáit eile | (6) Déantar an fhógraíocht pholaitiúil a rialáil go hilchineálach faoi láthair sna Ballstáit, agus dírítear go minic ar fhoirmeacha traidisiúnta na meán***, cé go mbaineann dúshlán ar leith sa timpeallacht ar líne le scaipeadh fógraíochta polaitiúla agus nach mór an rialáil ina leith a neartú sa rialachán***. Tá srianta sonracha ann, lena n-áirítear srianta |

| | |
|---|---|
| seirbhísí de chineál polaitiúil a sholáthar nó seirbhísí a bhfuil cuspóir polaitiúil acu a sholáthar le linn tréimhsí toghcháin. Bíodh sin mar atá, is dócha go bhfuil bearnaí agus lúba ar lár sa reachtaíocht náisiúnta i roinnt Ballstát, rud a fhágann go scaiptear fógraíocht pholaitiúil uaireanta gan aird a thabhairt ar na rialacha náisiúnta ábhartha agus go bhfuil an baol ann dá bhrí sin go mbainfear an bonn de chuspóir na rialála trédhearcachta maidir leis an bhfógraíocht pholaitiúil. | ar sheirbhísí fógraíochta polaitiúla a chur ar fáil thar theorannacha. Cuireann roinnt Ballstát cosc ar sholáthraithe seirbhíse an Aontais atá bunaithe i mBallstáit eile seirbhísí de chineál polaitiúil a sholáthar nó seirbhísí a bhfuil cuspóir polaitiúil acu a sholáthar le linn tréimhsí toghcháin. Bíodh sin mar atá, is dócha go bhfuil bearnaí agus lúba ar lár sa reachtaíocht náisiúnta i roinnt Ballstát, rud a fhágann go scaiptear fógraíocht pholaitiúil uaireanta***, go príomha ar líne,*** gan aird a thabhairt ar na rialacha náisiúnta ábhartha agus go bhfuil an baol ann dá bhrí sin go mbainfear an bonn de chuspóir na rialála trédhearcachta maidir leis an bhfógraíocht pholaitiúil. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Chun trédhearcacht fheabhsaithe san fhógraíocht pholaitiúil a chur ar fáil, lena n-áirítear chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na saoránach, tá roinnt Ballstát tar éis bearta breise a fhiosrú nó a bhreithniú chun aghaidh a thabhairt ar thrédhearcacht na fógraíochta polaitiúla agus chun tacú le dioscúrsa polaitiúil cothrom agus le toghcháin nó reifrinn atá saor agus cóir. Déantar na bearta náisiúnta sin a bhreithniú go háirithe i gcás fógraíocht a fhoilsítear agus a scaiptear ar líne agus d'fhéadfadh toirmisc bhreise a bheith i gceist leo. Bíonn idir bhearta boga agus bhearta ceangailteacha i gceist leis na bearta sin agus bíonn ***gnéithe*** éagsúla trédhearcachta ag baint leo. | (7) Chun trédhearcacht fheabhsaithe san fhógraíocht pholaitiúil a chur ar fáil, lena n-áirítear chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na saoránach, tá roinnt Ballstát tar éis bearta breise a fhiosrú nó a bhreithniú chun aghaidh a thabhairt ar thrédhearcacht na fógraíochta polaitiúla agus chun tacú le dioscúrsa polaitiúil cothrom agus le toghcháin nó reifrinn atá saor agus cóir. Déantar na bearta náisiúnta sin a bhreithniú go háirithe i gcás fógraíocht a fhoilsítear agus a scaiptear ar líne agus d'fhéadfadh toirmisc bhreise a bheith i gceist leo. Bíonn idir bhearta boga agus bhearta ceangailteacha i gceist leis na bearta sin agus bíonn ***leibhéil*** éagsúla trédhearcachta ag baint leo. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Fágann sin go bhfuil an margadh inmheánach ilroinnte, go laghdaítear an deimhneacht dhlíthiúil le haghaidh soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla a dhéanann fógraí polaitiúla a ***ullmhú, a*** shuíomh, a fhoilsiú nó a scaipeadh, go gcruthaítear bacainní maidir le saorghluaiseacht seirbhísí gaolmhara, go ndéantar saobhadh ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach, lena n-áirítear idir soláthraithe seirbhísí as líne agus ar líne, agus go n-éilítear iarrachtaí casta comhlíontachta agus costais bhreise ar sholáthraithe seirbhíse ábhartha. | (8) Fágann sin go bhfuil an margadh inmheánach ilroinnte ***agus go bhfuil forfheidhmiú trasteorann míchothrom ann***, go laghdaítear an deimhneacht dhlíthiúil le haghaidh soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla a dhéanann fógraí polaitiúla a shuíomh, a fhoilsiú nó a scaipeadh, go gcruthaítear bacainní maidir le saorghluaiseacht seirbhísí gaolmhara, go ndéantar saobhadh ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach, lena n-áirítear idir soláthraithe seirbhísí as líne agus ar líne, agus go n-éilítear iarrachtaí casta comhlíontachta agus costais bhreise ar sholáthraithe seirbhíse ábhartha. ***Mar shampla, tá an sainmhíniú ar fhógraíocht pholaitiúil éagsúil ó Bhallstát go Ballstát, rud a chruthaíonn deacrachtaí nuair is gá cinneadh a dhéanamh an bhfuil fógraíocht ina fógraíocht pholaitiúil Tá difríochtaí suntasacha ann freisin maidir le raon feidhme agus ábhar na n-oibleagáidí trédhearcachta is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla ar fud na mBallstát. Thairis sin, meastar go dtiocfaidh méadú ar an ilroinnt de réir mar a fhorbraíonn na Ballstáit rialacha nua chun aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla a áirithiú, go háirithe i bhfianaise forbairtí teicneolaíochta. Ba cheart an prionsabal gur cheart an méid atá neamhdhleathach as líne a bheith neamhdhleathach ar líne a áirithiú freisin maidir le hábhar na fógraíochta polaitiúla.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Sa chomhthéacs sin, is dócha go ndíspreagfar soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla óna seirbhísí fógraíochta polaitiúla a sholáthar i gcásanna trasteorann. Tá sé sin fíor go háirithe i gcás micrifhiontar agus FBManna, nach mbíonn na hacmhainní acu go minic chun na costais chomhlíontachta arda a bhaineann le fógraíochta polaitiúla a ullmhú, a shuíomh, a fhoilsiú nó a scaipeadh i níos mó ná Ballstát amháin a iompar nó a chur ar aghaidh. Cuireann sé sin srian ar infhaighteacht seirbhísí agus bíonn tionchar diúltach aige sin ar na deiseanna do sholáthraithe seirbhíse feachtais ilmheánacha agus ilnáisiúnta a chur ar fáil laistigh den mhargadh inmheánach. | (9) Sa chomhthéacs sin, is dócha go ndíspreagfar soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla óna seirbhísí fógraíochta polaitiúla a sholáthar i gcásanna trasteorann. Tá sé sin fíor go háirithe i gcás micrifhiontar agus FBManna, nach mbíonn na hacmhainní acu go minic chun na costais chomhlíontachta arda a bhaineann le fógraíochta polaitiúla a ullmhú, a shuíomh, a fhoilsiú nó a scaipeadh i níos mó ná Ballstát amháin a iompar nó a chur ar aghaidh. Cuireann sé sin srian ar infhaighteacht seirbhísí agus bíonn tionchar diúltach aige sin ar na deiseanna do sholáthraithe seirbhíse ***a bheith nuálach agus*** feachtais ilmheánacha agus ilnáisiúnta a chur ar fáil laistigh den mhargadh inmheánach***, agus is bac é ar chruthú fíor-réimse poiblí uile-Eorpach agus tá tionchar suntasach aige freisin ar leibhéal na faisnéise cruinne, oibiachtúla agus iomláine a chuirtear ar fáil do shaoránaigh an Aontais***. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Ba cheart, dá bhrí sin, ardleibhéal comhsheasmhach trédhearcachta a áirithiú maidir leis an bhfógraíocht pholaitiúil ar fud an Aontais nuair a sholáthraítear seirbhísí fógraíochta polaitiúla, agus ba cheart na héagsúlachtaí a chuireann bac ar shaorchúrsaíocht seirbhísí gaolmhara laistigh den mhargadh inmheánach a chosc, trí oibleagáidí trédhearcachta aonfhoirmeacha a leagan síos do sholáthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla lena ráthaítear cosaint aonfhoirmeach chearta na ndaoine agus maoirseacht ar fud an mhargaidh | (10) Ba cheart, dá bhrí sin, ardleibhéal comhsheasmhach trédhearcachta a áirithiú maidir leis an bhfógraíocht pholaitiúil ar ***líne ar*** fud an Aontais nuair a sholáthraítear seirbhísí fógraíochta polaitiúla, agus ba cheart na héagsúlachtaí a chuireann bac ar shaorchúrsaíocht seirbhísí gaolmhara laistigh den mhargadh inmheánach a chosc, trí oibleagáidí trédhearcachta aonfhoirmeacha a leagan síos do sholáthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla lena ráthaítear cosaint aonfhoirmeach chearta na ndaoine agus maoirseacht ar fud an mhargaidh |

inmheánaigh ar bhonn Airteagal 114 CFAE.

inmheánaigh ar bhonn Airteagal 114 CFAE.

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Níor cheart do na Ballstáit forálacha a choimeád ná a thabhairt isteach ina ndlíthe náisiúnta, ar forálacha iad nach bhfuil i gcomhréir leis na cinn a leagtar síos sa Rialachán seo, go háirithe forálacha atá níos déine nó nach bhfuil chomh dian sin, rud a áireofaí leibhéal trédhearcachta atá éagsúil maidir leis an bhfógraíocht pholaitiúil. Comhchuibhiú iomlán na gceanglas trédhearcachta a bhaineann le fógraíocht pholaitiúil, is rud é sin a mhéadaíonn an deimhneacht dhlíthiúil agus a laghdaíonn ilroinnt na n-oibleagáidí a chomhlíonann soláthraithe seirbhíse i gcomhthéacs na fógraíochta polaitiúla. | (11) Níor cheart do na Ballstáit forálacha a choimeád ná a thabhairt isteach ina ndlíthe náisiúnta, ar forálacha iad nach bhfuil i gcomhréir leis na cinn a leagtar síos sa Rialachán seo, go háirithe forálacha atá níos déine nó nach bhfuil chomh dian sin, rud a áireofaí leibhéal trédhearcachta atá éagsúil maidir leis an bhfógraíocht pholaitiúil. Comhchuibhiú iomlán na gceanglas trédhearcachta a bhaineann le fógraíocht pholaitiúil, is rud é sin a mhéadaíonn an deimhneacht dhlíthiúil agus a laghdaíonn ilroinnt na n-oibleagáidí a chomhlíonann soláthraithe seirbhíse i gcomhthéacs na fógraíochta polaitiúla. ***Ba cheart na hiarrachtaí réasúnacha a dhéanann foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais trédhearcachta, agus an measúnú i dtaobh na hiarrachtaí sin a bheith réasúnach go hiarbhír, a rialú le sraith chomhsheasmhach ceanglas díchill chuí atá ábhartha do chomhthéacs na fógraíochta polaitiúla.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Ba cheart don Rialachán foráil a dhéanamh maidir le ***ceanglas riachtanach*** um chomhchuibhiú a bheidh infheidhme | (14) Ba cheart don Rialachán foráil a dhéanamh maidir le ***ceanglais riachtanacha*** um chomhchuibhiú a bheidh |

maidir le gníomhaithe eacnamaíocha a sholáthraíonn fógraíocht pholaitiúil agus seirbhísí a bhaineann leis sin (i.e. gníomhaíochtaí a dhéantar ar íocaíocht de ghnáth); is éard a bhíonn i gceist leis na seirbhísí sin go háirithe, fógraíocht pholaitiúil a ***ullmhú, a*** shuíomh, a chur chun cinn, a fhoilsiú agus a scaipeadh. Is ar bhonn Airteagal 114 CFAE a bhunaítear rialacha an Rialacháin seo lena ndéantar foráil maidir le hardleibhéal trédhearcachta i dtaca le seirbhísí fógraíochta polaitiúla. Ba cheart ***don*** Rialachán aghaidh a thabhairt freisin ar úsáid teicnící spriocdhírithe agus ***aimpliúcháin i gcomhthéacs fógraíocht pholaitiúil a fhoilsiú, a scaipeadh nó a chur chun cinn,*** teicnící ***a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta. Is ar bhonn*** Airteagal 16 CFAE ***a bhunaítear rialacha an Rialacháin seo lena dtugtar aghaidh ar úsáid an spriocdhírithe agus an aimpliúcháin***. An fhógraíocht pholaitiúil a dhírítear ar dhaoine i mBallstát, ba cheart a áireamh inti an fhógraíocht arna ***hullmhú, arna*** suíomh nó arna foilsiú ag soláthraithe atá bunaithe lasmuigh den Aontas ach a scaiptear ar dhaoine laistigh den Aontas. Chun a chinneadh an bhfuil fógra polaitiúil dírithe ar dhaoine i mBallstát, ba cheart aird a thabhairt ar na tosca san fhógra a chruthaíonn nasc idir ***í*** agus an Ballstát sin, lena n-áirítear teanga, comhthéacs, cuspóir na fógraíochta agus modhanna a scaipthe.

infheidhme maidir le gníomhaithe eacnamaíocha a sholáthraíonn fógraíocht pholaitiúil agus seirbhísí a bhaineann leis sin (i.e. gníomhaíochtaí a dhéantar ar íocaíocht de ghnáth); is éard a bhíonn i gceist leis na seirbhísí sin go háirithe, fógraíocht pholaitiúil a shuíomh, a chur chun cinn, a fhoilsiú agus a scaipeadh. Is ar bhonn Airteagal 114 CFAE a bhunaítear rialacha an Rialacháin seo lena ndéantar foráil maidir le hardleibhéal trédhearcachta i dtaca le seirbhísí fógraíochta polaitiúla. ***Leis an Rialachán seo,*** ba cheart ***aghaidh a thabhairt ar an easpa scileanna, eolais agus tuisceana maidir leis an litearthacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin trí uirlisí agus bearta a chur chun cinn chun cláir dhigiteacha agus litearthachta sna meáin a fhorbairt, lena n-áirítear trí chláir oideachais agus oiliúna, trí chláir scileanna agus athscilithe agus trí chothromaíocht chuí inscne agus aoise a áirithiú d'fhonn rialú daonlathach ar fhógraíocht pholaitiúil a cheadú. Leis an*** Rialachán ***seo, ba cheart*** aghaidh a thabhairt freisin ar úsáid teicnící spriocdhírithe agus teicnící ***seachadta fógraí lena bhforáiltear do rialacha atá bunaithe ar*** Airteagal 16 CFAE. An fhógraíocht pholaitiúil a dhírítear ar dhaoine i mBallstát, ba cheart a áireamh inti an fhógraíocht arna suíomh nó arna foilsiú ag soláthraithe atá bunaithe lasmuigh den Aontas ach a scaiptear ar dhaoine laistigh den Aontas. Chun a chinneadh an bhfuil fógra polaitiúil dírithe ar dhaoine i mBallstát, ba cheart aird a thabhairt ar na tosca san fhógra a chruthaíonn nasc idir ***é*** agus an Ballstát sin, lena n-áirítear teanga, comhthéacs, cuspóir na fógraíochta agus modhanna a scaipthe.

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Ní ann do shainmhíniú ar fhógraíocht pholaitiúil ná ar fhógra pholaitiúil ar leibhéal an Aontais. Tá gá le sainmhíniú coiteann chun raon feidhme chur i bhfeidhm na n-oibleagáidí comhchuibhithe um thrédhearcacht agus rialacha maidir le spriocdhíriú agus ***aimpliúchán*** a leagan síos. Ba cheart don sainmhíniú sin an líon mór cineálacha fógraíochta polaitiúla a d'fhéadfadh a bheith ann a chumhdach, mar aon le haon mheán agus aon mhodh foilsithe nó scaipthe laistigh den Aontas, gan beann ar an bhfuil an fhoinse lonnaithe laistigh den Aontas nó i dtríú tír. | (15) Ní ann do shainmhíniú ar fhógraíocht pholaitiúil ná ar fhógra pholaitiúil ar leibhéal an Aontais. Tá gá le sainmhíniú coiteann chun raon feidhme chur i bhfeidhm na n-oibleagáidí comhchuibhithe um thrédhearcacht agus rialacha maidir le spriocdhíriú agus ***seachadadh fógraí*** a leagan síos. Ba cheart don sainmhíniú sin an líon mór cineálacha fógraíochta polaitiúla a d'fhéadfadh a bheith ann a chumhdach, mar aon le haon mheán agus aon mhodh foilsithe nó scaipthe laistigh den Aontas, gan beann ar an bhfuil an fhoinse lonnaithe laistigh den Aontas nó i dtríú tír. ***Níor cheart go gcumhdófaí leis an sainmhíniú sin teachtaireachtaí de chineál príobháideach nó tráchtála amháin lena n-áirítear cásanna ina dtacaíonn geallsealbhóir tráchtála le topaic pholaitiúil chun críocha brandála.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Maidir le faisnéis phraiticiúil ***ó*** fhoinsí oifigiúla i dtaca le heagrú agus módúlachtaí rannpháirtíochta sna toghcháin nó sna reifrinn, níor cheart é a mheas mar fhógraíocht pholaitiúil. | (18) Maidir le faisnéis phraiticiúil ***a eisíonn foinsí oifigiúla atá aitheanta mar*** fhoinsí oifigiúla ***ag na Ballstáit*** i dtaca le heagrú agus módúlachtaí rannpháirtíochta sna toghcháin nó sna reifrinn, níor cheart é a mheas mar fhógraíocht pholaitiúil. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Tuairimí polaitiúla a chuirtear in iúl i gcláir ***na gcraoltaí*** líneacha ***closamhairc*** nó a fhoilsítear sna meáin chlóite gan íocaíocht dhíreach nó luach saothair coibhéiseach ***a bheith i gceist leo***, níor cheart iad a ***chumhdach leis an Rialachán*** seo. | (19) ***Is mór an luach don Aontas Eorpach í cosaint shaoirse an phreasa agus cosaint na saoirse chun*** tuairimí ***a nochtadh. Tá sé ríthábhachtach go n-urramófar saoirse an phreasa agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh i gcónaí ionas gur féidir tuairimí a mhalartú go hoscailte. Tuairimí*** polaitiúla ***agus teachtaireachtaí lena gcumhdaítear nuacht agus cúrsaí reatha*** a chuirtear in iúl ***faoi fhreagracht eagarthóireachta soláthraí seirbhíse meán, amhail*** i gcláir ***seirbhísí meán closamhairc mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1)(a) de Threoir 2010/13/AE, craoltaí*** líneacha nó ***neamhlíneacha nó*** a fhoilsítear sna meáin chlóite***,*** gan íocaíocht dhíreach nó ***aon chineál eile*** luach saothair coibhéiseach, níor cheart iad a ***mheas mar fhógraíocht pholaitiúil agus, dá bhrí sin, ba cheart iad a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin*** seo. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Is gá fógra polaitiúil a shainiú mar chás ina bhfuil fógraíocht pholaitiúil i gceist. Áirítear ar na fógraí na modhanna trína ndéantar an teachtaireacht fógraíochta a chur in iúl, lena n-áirítear trí ***ábhar clóite, trí na meáin chraolta nó trí*** sheirbhís ardáin ar líne. | (21) Is gá fógra polaitiúil ***digiteach*** a shainiú mar chás ina bhfuil fógraíocht pholaitiúil ***dhigiteach*** i gceist. Áirítear ar na fógraí na modhanna trína ndéantar an teachtaireacht fógraíochta a chur in iúl, lena n-áirítear trí sheirbhís ardáin ar líne. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Ba cheart a áireamh freisin ar choincheap na ngníomhaithe polaitiúla, oifigigh neamhthofa, oifigigh thofa, iarrthóirí agus comhaltaí Rialtais ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. Ba cheart eagraíochtaí polaitiúla eile a áireamh sa sainmhíniú sin freisin. | (23) Ba cheart a áireamh freisin ar choincheap na ngníomhaithe polaitiúla, oifigigh neamhthofa, oifigigh thofa, iarrthóirí agus comhaltaí Rialtais ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. Ba cheart eagraíochtaí polaitiúla eile ***agus*** a ***n-eintitis chleamhnaithe agus a bhfo-eintitis, amhail, mar shampla, eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) a thacaíonn le páirtithe polaitiúla agus iad i mbun feachtais, a*** áireamh sa sainmhíniú sin freisin. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Leis an téarma feachtas fógraíochta, ba cheart tagairt a dhéanamh do shraith d'fhógraí nasctha a ***ullmhú, a*** fhoilsiú agus a scaipeadh i rith tréimhse conartha le haghaidh fógraíocht pholaitiúil, ar bhonn ***ullmhú,*** urraíocht agus maoiniú coiteann. Ba cheart ***ullmhúchán,*** suíomh, cur chun cinn, foilsiú agus scaipeadh fógra nó leaganacha d'fhógra ar mheáin éagsúla agus ag amanna éagsúla laistigh den timthriall toghcháin chéanna a bheith san áireamh ann. | (24) Leis an téarma feachtas fógraíochta, ba cheart tagairt a dhéanamh do shraith d'fhógraí nasctha a fhoilsiú agus a scaipeadh i rith tréimhse conartha le haghaidh fógraíocht pholaitiúil ***ar líne***, ar bhonn urraíocht agus maoiniú coiteann. Ba cheart suíomh, cur chun cinn, foilsiú agus scaipeadh fógra nó leaganacha d'fhógra ar mheáin éagsúla agus ag amanna éagsúla laistigh den timthriall toghcháin chéanna a bheith san áireamh ann. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Chun réimse leathan na soláthraithe seirbhíse ábhartha atá nasctha le seirbhísí fógraíochta polaitiúla a chumhdach, ba | (26) Chun réimse leathan na soláthraithe seirbhíse ábhartha atá nasctha le seirbhísí fógraíochta polaitiúla a chumhdach, ba |

| | |
|---|---|
| cheart seirbhísí fógraíochta polaitiúla a thuiscint mar rud a chuimsíonn soláthraithe a bhfuil baint acu le ***hullmhú,*** suíomh, cur chun cinn, foilsiú agus scaipeadh na fógraíochta polaitiúla. | cheart seirbhísí fógraíochta polaitiúla a thuiscint mar rud a chuimsíonn soláthraithe a bhfuil baint acu le suíomh, cur chun cinn, foilsiú agus scaipeadh na fógraíochta polaitiúla. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Níor cheart a áireamh i gcoincheap na fógraíochta polaitiúla teachtaireachtaí a roinneann daoine aonair ina gcáil phearsanta amháin. Níor cheart a mheas go bhfuil daoine aonair ag gníomhú ina gcáil phearsanta má tá siad ag foilsiú teachtaireachtaí a n-íocann duine eile as a scaipeadh nó a fhoilsiú. | (27) Níor cheart a áireamh i gcoincheap na fógraíochta polaitiúla teachtaireachtaí a roinneann daoine aonair ina gcáil phearsanta amháin. Níor cheart a mheas go bhfuil daoine aonair ag gníomhú ina gcáil phearsanta má tá siad ag foilsiú teachtaireachtaí a n-íocann duine eile as a scaipeadh nó a fhoilsiú. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(28a) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé éifeachtacht na gceanglas trédhearcachta a ráthú go háirithe, ba cheart d'urraitheoirí agus do sholáthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla atá ag gníomhú thar ceann urraitheoirí faisnéis ábhartha a tharchur de mheon macánta ar bhealach tráthúil, iomlán agus cruinn ionas go mbeidh na soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla eile sa slabhra in ann an Rialachán a chomhlíonadh. I gcás inarb é an foilsitheoir fógraíochta polaitiúla an t-aon soláthraí seirbhísí fógraíochta polaitiúla, ba cheart don urraitheoir faisnéis den sórt sin a chur in iúl don fhoilsitheoir fógraíochta polaitiúil.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh mar a chosnaítear le hAirteagal 11 den Chairt um Chearta Bunúsacha, cumhdaítear ceart an duine aonair tuairimí polaitiúla a bheith aige, faisnéis pholaitiúil a fháil agus a thabhairt agus smaointe polaitiúla a roinnt. Aon teorannú ar an gceart sin, ní mór dó Airteagal 52 den Chairt um Chearta Bunúsacha a chomhlíonadh agus is féidir an tsaoirse sin a bheith faoi réir modhnuithe agus srianta i gcás ina bhfuil bonn cirt leo i ngeall ar leas poiblí dlisteanach atá á shaothrú, agus i gcás ina gcomhlíonann siad prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, amhail comhréireacht agus deimhneacht dhlíthiúil. Is amhlaidh atá sé inter alia i gcás ina gcuirtear na tuairimí polaitiúla in iúl trí mheán na soláthraithe seirbhíse fógraíochta. | (31) Leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh mar a chosnaítear le hAirteagal 11 den Chairt um Chearta Bunúsacha, cumhdaítear ceart an duine aonair tuairimí polaitiúla a bheith aige, faisnéis pholaitiúil a fháil agus a thabhairt agus smaointe polaitiúla a roinnt. Aon teorannú ar an gceart sin, ní mór dó Airteagal 52 den Chairt um Chearta Bunúsacha a chomhlíonadh agus is féidir an tsaoirse sin a bheith faoi réir modhnuithe agus srianta i gcás ina bhfuil ***gá agus*** bonn cirt leo i ngeall ar leas poiblí dlisteanach atá á shaothrú, agus i gcás ina gcomhlíonann siad prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, amhail comhréireacht agus deimhneacht dhlíthiúil. Is amhlaidh atá sé inter alia i gcás ina gcuirtear na tuairimí polaitiúla in iúl trí mheán na soláthraithe seirbhíse fógraíochta. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) D’fhéadfadh slabhra casta de sholáthraithe seirbhíse a bheith i gceist le fógraíocht pholaitiúil a ***ullmhú, a*** shuíomh, a chur chun cinn, a fhoilsiú agus a scaipeadh. Is amhlaidh a bhíonn go háirithe i gcás ina bhféadfaidh soláthraithe seirbhíse éagsúla a bheith i gceannas ar roghnú an ábhair fógraíochta, ar roghnú na gcritéar le haghaidh spriocdhíriú, ar sholáthar na sonraí a úsáidtear chun an fhógraíocht a spriocdhíriú, ar fhorálacha maidir le teicnící spriocdhírithe, agus ar sheachadadh agus ar scaipeadh na | (33) D’fhéadfadh slabhra casta de sholáthraithe seirbhíse a bheith i gceist le fógraíocht pholaitiúil ***dhigiteach*** a shuíomh, a chur chun cinn, a fhoilsiú agus a scaipeadh. Is amhlaidh a bhíonn go háirithe i gcás ina bhféadfaidh soláthraithe seirbhíse éagsúla a bheith i gceannas ar roghnú an ábhair fógraíochta, ar roghnú na gcritéar le haghaidh spriocdhíriú, ar sholáthar na sonraí a úsáidtear chun an fhógraíocht a spriocdhíriú, ar fhorálacha maidir le teicnící spriocdhírithe, agus ar sheachadadh agus ar scaipeadh na |

| | |
|---|---|
| fógraíochta. Mar shampla, is féidir le seirbhísí uathoibrithe tacú le meaitseáil a dhéanamh idir próifíl an úsáideora comhéadain agus an t-inneachar fógraíochta a sholáthraítear, trí ***úsáid a bhaint as sonraí*** pearsanta arna mbailiú go díreach ó úsáideoir na seirbhíse agus ó iompar ar líne an úsáideora, chomh maith le sonraí infeirithe. | fógraíochta. Mar shampla, is féidir le seirbhísí uathoibrithe tacú le meaitseáil a dhéanamh idir próifíl an úsáideora comhéadain agus an t-inneachar fógraíochta a sholáthraítear, trí ***phróiseáil a dhéanamh ar shonraí*** pearsanta arna mbailiú go díreach ó úsáideoir na seirbhíse agus ó iompar ar líne an úsáideora, chomh maith le sonraí infeirithe. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé éifeachtacht na gceanglas trédhearcachta a ráthú go háirithe, lena n-áirítear chun maoirseacht na gceanglas sin a éascú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla a áirithiú maidir leis an bhfaisnéis ábhartha a bhailíonn siad agus a seirbhísí á soláthar acu, lena n-áirítear an léiriú gur fógra polaitiúil atá i bhfógra áirithe, go ndéanann siad an fhaisnéis sin a sholáthar don fhoilsitheoir fógraíochta polaitiúla a chuireann an fógra polaitiúil os comhair an phobal. Chun tacú le cur chun feidhme éifeachtúil an cheanglais sin, agus le soláthar tráthúil cruinn na faisnéise sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla féachaint le huathoibriú a dhéanamh ar tharchur na faisnéise idir soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla, agus tacú leis an tarchur sin. | (34) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé éifeachtacht na gceanglas trédhearcachta ***agus díchill chuí*** a ráthú go háirithe, lena n-áirítear chun maoirseacht na gceanglas sin a éascú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla a áirithiú ***go mbeidh aon fhógra atá polaitiúil lipéadaithe amhlaidh agus*** maidir leis an bhfaisnéis ábhartha a bhailíonn siad agus a seirbhísí á soláthar acu, lena n-áirítear an léiriú gur fógra polaitiúil atá i bhfógra áirithe, go ndéanann siad an fhaisnéis sin a sholáthar don fhoilsitheoir fógraíochta polaitiúla a chuireann an fógra polaitiúil os comhair an phobal. Chun tacú le cur chun feidhme éifeachtúil an cheanglais sin, agus le soláthar tráthúil cruinn na faisnéise sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla féachaint le huathoibriú a dhéanamh ar tharchur na faisnéise idir soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla, agus tacú leis an tarchur sin. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) Ach an fhógraíocht pholaitiúil a bheith trédhearcach, ba cheart go mbeadh na saoránaigh in ann a thuiscint gur fógra polaitiúil atá os a gcomhair. Ba cheart d'fhoilsitheoirí fógraíochta polaitiúla a áirithiú go bhfoilseofar, i dtaca le gach fógra polaitiúil, ráiteas soiléir ina gcuirtear in iúl gur fógra polaitiúil é agus céannacht a hurraitheora a nochtadh. I gcás inarb iomchuí, d'fhéadfadh lógó polaitiúil a bheith ag gabháil le hainm an urraitheora. Ba cheart d'fhoilsitheoirí fógraíochta polaitiúla úsáid a bhaint as lipéadú atá éifeachtach, agus aird a thabhairt ar fhorbairtí sa taighde eolaíoch ábhartha agus sa dea-chleachtas maidir le trédhearcacht a chur ar fáil trí lipéadú ar fhógraíocht. Ba cheart dóibh a áirithiú freisin go bhfoilseofar faisnéis maidir le gach fógra polaitiúil ionas gur féidir comhthéacs níos leithne an fhógra pholaitiúil agus na spriocanna atá leis a thuiscint, faisnéis is féidir a chur san áireamh san fhógra féin, nó gur féidir leis an bhfoilsitheoir í a chur ar fáil ar a shuíomh gréasáin, agus fáil a bheith uirthi trí nasc nó trí threoir choibhéiseach shoiléir atá sothuigthe ag úsáideoirí a chur san fhógra. | (38) Ach an fhógraíocht pholaitiúil ***dhigiteach*** a bheith trédhearcach, ba cheart go mbeadh na saoránaigh in ann a thuiscint gur fógra polaitiúil atá os a gcomhair. Ba cheart d'fhoilsitheoirí fógraíochta polaitiúla a áirithiú go bhfoilseofar, i dtaca le gach fógra polaitiúil, ráiteas soiléir ina gcuirtear in iúl gur fógra polaitiúil é agus céannacht a hurraitheora a nochtadh. I gcás inarb iomchuí, d'fhéadfadh lógó polaitiúil a bheith ag gabháil le hainm an urraitheora. Ba cheart d'fhoilsitheoirí fógraíochta polaitiúla úsáid a bhaint as lipéadú atá éifeachtach, agus aird a thabhairt ar fhorbairtí sa taighde eolaíoch ábhartha agus sa dea-chleachtas maidir le trédhearcacht a chur ar fáil trí lipéadú ar fhógraíocht. Ba cheart dóibh a áirithiú freisin go bhfoilseofar faisnéis maidir le gach fógra polaitiúil ionas gur féidir comhthéacs níos leithne an fhógra pholaitiúil agus na spriocanna atá leis a thuiscint, faisnéis is féidir a chur san áireamh san fhógra féin, nó gur féidir leis an bhfoilsitheoir í a chur ar fáil ar a shuíomh gréasáin, agus fáil a bheith uirthi trí nasc nó trí threoir choibhéiseach shoiléir atá sothuigthe ag úsáideoirí a chur san fhógra. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) Ba cheart an fhaisnéis sin a sholáthar i bhfógra trédhearcachta ar cheart céannacht an urraitheora a bheith ann freisin, d'fhonn tacú le cuntasacht sa phróiseas polaitiúil. Ba cheart áit bhunaithe an urraitheora agus cibé acu an duine nádúrtha nó duine dlítheanach an t-urraitheoir a léiriú go soiléir. Sonraí pearsanta a bhaineann le daoine aonair atá | (39) Ba cheart an fhaisnéis sin a sholáthar i bhfógra trédhearcachta ar cheart céannacht an urraitheora a bheith ann freisin, d'fhonn tacú le cuntasacht sa phróiseas polaitiúil***, is cuma cé acu an mbaineann nó nach mbaineann an fógra polaitiúil le timthriall toghcháin nó le próiseas reachtach nó rialála***. Ba cheart áit bhunaithe an urraitheora agus cibé acu |

| | |
|---|---|
| páirteach san fhógraíocht pholaitiúil ach nach bhfuil gaolmhar leis an urraitheoir ná le gníomhaí polaitiúil eile atá páirteach, níor cheart na sonraí pearsanta sin a sholáthar san fhógra trédhearcachta. Ba cheart faisnéis a bheith san fhógra trédhearcachta freisin maidir leis an tréimhse scaipthe, aon toghchán nasctha, an méid airgid a caitheadh agus luach na sochar eile a fuarthas mar pháirtmhalairt nó mar mhalairt iomlán ar an bhfógra sonrach, chomh maith leis an bhfeachtas fógraíochta ar fad, foinse na gcistí a úsáideadh agus faisnéis eile chun cothroime maidir le scaipeadh na fógraíochta polaitiúla a áirithiú. Faisnéis maidir le foinse na gcistí, baineann an fhaisnéis sin lena thionscnamh poiblí nó príobháideach mar shampla, agus más laistigh nó lasmuigh den Aontas Eorpach a thagann sé. San fhaisnéis a bhaineann le toghcháin nó reifrinn nasctha, nuair is féidir, ba cheart nasc a chur inti chuig faisnéis ó fhoinsí oifigiúla maidir leis an eagrúchán agus leis na módúlachtaí le haghaidh rannpháirtíocht sna toghcháin nó sna reifrinn sin nó maidir le rannpháirtíocht sna toghcháin nó sna reifrinn sin a chur chun cinn. Ba cheart faisnéis a áireamh san fhógra trédhearcachta maidir leis an gcaoi is féidir fógraí polaitiúla a mharcáil i gcomhréir leis an nós imeachta a bhunaítear leis an Rialachán seo. Ba cheart don cheanglas sin a bheith gan dochar do na forálacha maidir le fógra a thabhairt de réir Airteagal 14, 15 agus 19 de Rialachán (AE) 2021/XXX [an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha]. | an duine nádúrtha nó duine dlítheanach an t-urraitheoir a léiriú go soiléir. Sonraí pearsanta a bhaineann le daoine aonair atá páirteach san fhógraíocht pholaitiúil ach nach bhfuil gaolmhar leis an urraitheoir ná le gníomhaí polaitiúil eile atá páirteach, níor cheart na sonraí pearsanta sin a sholáthar san fhógra trédhearcachta. Ba cheart faisnéis a bheith san fhógra trédhearcachta freisin maidir leis an tréimhse scaipthe, aon toghchán nasctha, an méid airgid a caitheadh agus luach na sochar eile a fuarthas mar pháirtmhalairt nó mar mhalairt iomlán ar an bhfógra sonrach, chomh maith leis an bhfeachtas fógraíochta ar fad, foinse na gcistí a úsáideadh agus faisnéis eile chun cothroime maidir le scaipeadh na fógraíochta polaitiúla a áirithiú. Faisnéis maidir le foinse na gcistí, baineann an fhaisnéis sin lena thionscnamh poiblí nó príobháideach mar shampla, agus más laistigh nó lasmuigh den Aontas Eorpach a thagann sé. San fhaisnéis a bhaineann le toghcháin nó reifrinn nasctha, nuair is féidir, ba cheart nasc a chur inti chuig faisnéis ó fhoinsí oifigiúla maidir leis an eagrúchán agus leis na módúlachtaí le haghaidh rannpháirtíocht sna toghcháin nó sna reifrinn sin nó maidir le rannpháirtíocht sna toghcháin nó sna reifrinn sin a chur chun cinn. Ba cheart faisnéis a áireamh san fhógra trédhearcachta maidir leis an gcaoi is féidir fógraí polaitiúla a mharcáil i gcomhréir leis an nós imeachta a bhunaítear leis an Rialachán seo. Ba cheart don cheanglas sin a bheith gan dochar do na forálacha maidir le fógra a thabhairt de réir Airteagal 14, 15 agus 19 de Rialachán (AE) 2021/XXX [an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha]. ***Ba cheart do sholáthraithe fógraíochta polaitiúla a ndícheall a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis iomlán agus cruinn.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (41) Ba cheart fógraí trédhearcachta a dhearadh chun feasacht na n-úsáideoirí a ardú agus chun cuidiú le sainaithint shoiléir an fhógra pholaitiúil féin. Ba cheart iad a dhearadh sa chaoi go bhfanfaidh siad i bhfeidhm nó go mbeidh rochtain orthu i gcónaí i gcás ina ndéantar fógra polaitiúil a scaipeadh a thuilleadh, ar ardán eile mar shampla, sin nó é a chur ar aghaidh idir daoine aonair. Ba cheart an fhaisnéis atá san fhógra trédhearcachta a fhoilsiú nuair a chuirtear tús le foilsiú na bhfógraí polaitiúla agus ba cheart í a choinneáil ar feadh bliain amháin tar éis an fhoilsithe dheiridh. Ar an bhfaisnéis a choinnítear, ba cheart faisnéis maidir le fógraíocht pholaitiúil ar cuireadh deireadh léi nó a ***thóg*** an foilsitheoir ***síos*** a chur san áireamh. | (41) Ba cheart fógraí trédhearcachta a dhearadh chun feasacht na n-úsáideoirí a ardú agus chun cuidiú le sainaithint shoiléir***, a bhfuil rochtain éasca uirthi,*** an fhógra pholaitiúil ***dhigitigh*** féin. Ba cheart iad a dhearadh sa chaoi go bhfanfaidh siad i bhfeidhm nó go mbeidh rochtain orthu i gcónaí i gcás ina ndéantar fógra polaitiúil a scaipeadh a thuilleadh, ar ardán eile mar shampla, sin nó é a chur ar aghaidh idir daoine aonair. Ba cheart an fhaisnéis atá san fhógra trédhearcachta a fhoilsiú nuair a chuirtear tús le foilsiú na bhfógraí polaitiúla agus ba cheart í a choinneáil ar feadh bliain amháin tar éis an fhoilsithe dheiridh. Ar an bhfaisnéis a choinnítear, ba cheart faisnéis maidir le fógraíocht pholaitiúil ar cuireadh deireadh léi nó a ***scoir*** an foilsitheoir ***di nó*** a ***chuir an foilsitheoir ar fionraí a*** chur san áireamh. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (42) Ós rud é go gcuireann foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla fógraí polaitiúla ar fáil don phobal, ba cheart dóibh an fhaisnéis sin a fhoilsiú nó a scaipeadh ar an bpobal mar aon leis an bhfógra polaitiúil a fhoilsiú nó a scaipeadh. Na fógraí polaitiúla nach gcomhlíonann na ceanglais trédhearcachta faoin Rialachán seo, níor cheart d'fhoilsitheoirí fógraíochta polaitiúla na fógraí sin a chur ar fáil don phobal. Ina theannta sin, foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla atá ina n-ardáin an-mhór ar líne de réir bhrí Rialachán (AE) 2021/XXX [an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha], ba cheart dóibh an fhaisnéis | (42) Ós rud é go gcuireann foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla fógraí polaitiúla ar fáil don phobal, ba cheart dóibh an fhaisnéis sin a fhoilsiú nó a scaipeadh ar an bpobal mar aon leis an bhfógra polaitiúil a fhoilsiú nó a scaipeadh. Na fógraí polaitiúla nach gcomhlíonann na ceanglais trédhearcachta faoin Rialachán seo, níor cheart d'fhoilsitheoirí fógraíochta polaitiúla na fógraí sin a chur ar fáil don phobal. ***I gcás*** ina ***dtagann foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla ar an eolas nach bhfuil fógra polaitiúil ag comhlíonadh na gceanglas trédhearcachta, ba cheart dó scor den fhoilsiú nó den scaipeadh go dtí*** |

| | |
|---|---|
| atá san fhógra trédhearcachta a chur ar fáil trí na stórtha fógraíochta atá foilsithe de bhun Airteagal 30 den Rialachán [an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha]. Is rud é sin a éascófar obair na ngníomhaithe leasmhara, lena n-áirítear taighdeoirí ina ról sonrach, chun tacú le toghcháin nó reifrinn atá saor agus cóir agus le feachtais toghcháin chóra lena n-áirítear trí iniúchadh a dhéanamh ar urraitheoirí fógraíochta polaitiúla agus anailís a dhéanamh ar thírdhreach na fógraíochta polaitiúla. | ***go mbeidh an fhaisnéis tugtha chun críche nó ceartaithe. Ina*** theannta sin, foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla atá ina n-ardáin an-mhór ar líne de réir bhrí Rialachán (AE) 2021/XXX [an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha], ba cheart dóibh an fhaisnéis atá san fhógra trédhearcachta a chur ar fáil trí na stórtha fógraíochta atá foilsithe de bhun Airteagal 30 den Rialachán [an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha]. Is rud é sin a éascófar obair na ngníomhaithe leasmhara, lena n-áirítear taighdeoirí ina ról sonrach, chun tacú le toghcháin nó reifrinn atá saor agus cóir agus le feachtais toghcháin chóra lena n-áirítear trí iniúchadh a dhéanamh ar urraitheoirí fógraíochta polaitiúla agus anailís a dhéanamh ar thírdhreach na fógraíochta polaitiúla. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (44) Faisnéis maidir leis na suimeanna a chaitear agus luach na sochar eile a fhaightear mar pháirtmhalairt nó mar mhalairt iomlán ar sheirbhísí fógraíochta polaitiúla, féadfaidh an fhaisnéis sin cur leis an dioscúrsa polaitiúil ar bhealach úsáideach. Is gá a áirithiú gur féidir forbhreathnú iomchuí ar ghníomhaíocht fógraíochta polaitiúla a fháil ó na tuarascálacha bliantúla a ullmhaíonn na foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla ábhartha. Chun tacú le maoirseacht agus le cuntasacht, ba cheart a áireamh sa tuairisciú sin faisnéis faoi chaiteachas ar spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla sa tréimhse ábhartha, agus é comhiomlánaithe de réir feachtais nó iarrthóra. Chun ualaí díréireacha a sheachaint, níor cheart feidhm a bheith ag na hoibleagáidí tuairiscithe trédhearcachta sin maidir le fiontair atá cáilithe faoi Airteagal 3(3) de | (44) Faisnéis maidir leis na suimeanna a chaitear agus luach na sochar eile a fhaightear mar pháirtmhalairt nó mar mhalairt iomlán ar sheirbhísí fógraíochta polaitiúla, féadfaidh an fhaisnéis sin cur leis an dioscúrsa polaitiúil ar bhealach úsáideach. Is gá a áirithiú gur féidir forbhreathnú iomchuí ar ghníomhaíocht fógraíochta polaitiúla a fháil ó na tuarascálacha bliantúla a ullmhaíonn na foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla ábhartha. Chun tacú le maoirseacht agus le cuntasacht, ba cheart a áireamh sa tuairisciú sin faisnéis faoi chaiteachas ar spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla sa tréimhse ábhartha, agus é comhiomlánaithe de réir feachtais nó iarrthóra. Chun ualaí díréireacha a sheachaint, níor cheart feidhm a bheith ag na hoibleagáidí tuairiscithe trédhearcachta sin maidir le fiontair atá cáilithe faoi Airteagal 3(***1)-(***3) |

| | |
|---|---|
| Threoir 2013/34/AE. | de Threoir 2013/34/AE. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(45a) Ba cheart do na foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla iarrachtaí réasúnta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar bhealach tráthúil, dícheallach agus oibiachtúil, ar na foláirimh arna bhfáil de bhun an Rialacháin seo, i gcás inarb ábhartha, trí dhul i dteagmháil leis na soláthraithe seirbhíse ábhartha agus, de réir mar is ábhartha, leis an urraitheoir. Ba cheart don fhoilsitheoir fógraíochta polaitiúla údar an fhógra a chur ar an eolas faoin bhfaisnéis leantach a thabharfar ar an bhfógra.*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 56**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (56) Ar mhaithe le maoirseacht éifeachtach an Rialacháin seo, is gá cúram a chur ar na húdaráis formhaoirseachta chun go mbeidh an inniúlacht acu faireachán a dhéanamh ar na rialacha ábhartha agus iad a fhorfheidhmiú. Ag brath ar chóras dlí gach Ballstáit agus i gcomhréir le dlí an Aontais atá ann cheana, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2021/xxx [an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha], féadfar údaráis náisiúnta, bhreithiúnacha nó riaracháin éagsúla a ainmniú chuige sin. | (56) Ar mhaithe le maoirseacht éifeachtach an Rialacháin seo, is gá cúram a chur ar na húdaráis formhaoirseachta chun go mbeidh an inniúlacht acu faireachán a dhéanamh ar na rialacha ábhartha agus iad a fhorfheidhmiú ***agus acmhainní a chur ar fáil dóibh atá i gcomhréir leis na hinniúlahtaí breise sin***. Ag brath ar chóras dlí gach Ballstáit agus i gcomhréir le dlí an Aontais atá ann cheana, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2021/xxx [an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha], féadfar údaráis náisiúnta, bhreithiúnacha nó riaracháin éagsúla a ainmniú chuige sin. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 58**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (58) Maidir le formhaoirseacht ar na gnéithe sin den Rialachán seo nach dtagann faoi inniúlacht na n-údarás maoirseachta faoi Rialachán (AE) 2016/679, Rialachán (AE) 2018/725, ba cheart do na Ballstáit údaráis inniúla a ainmniú. Chun tacú leis na cearta agus na saoirsí bunúsacha, an smacht reachta, na prionsabail dhaonlathacha agus muinín an phobail as maoirseacht ar an bhfógraíocht pholaitiúil, is gá go mbeidh na húdaráis sin neamhspleách ó thaobh struchtúir de ó idirghabháil sheachtrach nó ón mbrú polaitiúil agus go gcumhachtaítear iad go hiomchuí ionas gur féidir leo faireachán éifeachtach a dhéanamh agus na bearta is gá a ghlacadh chun comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú, go háirithe na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 7. Féadfaidh na Ballstáit na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta a ainmniú go háirithe faoi Airteagal 30 de Threoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13]. | (58) Maidir le formhaoirseacht ar na gnéithe sin den Rialachán seo nach dtagann faoi inniúlacht na n-údarás maoirseachta faoi Rialachán (AE) 2016/679, Rialachán (AE) 2018/725, ba cheart do na Ballstáit údaráis inniúla a ainmniú ***chun faireachán a dhéanamh ar na rialacha ábhartha agus iad a fhorfheidhmiú agus na hacmhainní a chur ar fáil dóibh atá i gcomhréir leis na cúraimí sin***. Chun tacú leis na cearta agus na saoirsí bunúsacha, an smacht reachta, na prionsabail dhaonlathacha agus muinín an phobail as maoirseacht ar an bhfógraíocht pholaitiúil, is gá go mbeidh na húdaráis sin neamhspleách ó thaobh struchtúir de ó idirghabháil sheachtrach nó ón mbrú polaitiúil agus go gcumhachtaítear iad go hiomchuí ionas gur féidir leo faireachán éifeachtach a dhéanamh agus na bearta is gá a ghlacadh chun comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú, go háirithe na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 7. Féadfaidh na Ballstáit na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta a ainmniú go háirithe faoi Airteagal 30 de Threoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13]. |
| [13] Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin sna Ballstáit maidir le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (an Treoir um Sheirbhísí Meán Closamhairc) (IO L 95, 15.4.2010, lch. 1). | [13] Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin sna Ballstáit maidir le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (an Treoir um Sheirbhísí Meán Closamhairc) (IO L 95, 15.4.2010, lch. 1). |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 63**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (63) Ba cheart d’údaráis na ***mBallstáit*** a áirithiú go ngearrfar fíneálacha riaracháin nó pionóis airgeadais i ngeall ar sháruithe ar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo. Agus é sin a dhéanamh acu, ba cheart dóibh aird a thabhairt ar chineál, tromchúis, atarlú agus fad an tsáraithe, i bhfianaise leas an phobail atá i gceist, raon feidhme agus cineál na ngníomhaíochtaí a rinneadh, mar aon le hacmhainn eacnamaíoch an té a rinne an sárú. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aird a thabhairt ar an ról ríthábhachtach atá ag na hoibleagáidí a leagtar síos in ***Airteagal 7*** le haghaidh shaothrú éifeachtach chuspóirí an Rialacháin atá i bhfeidhm faoi láthair. Thairis sin, ba cheart dóibh a chur san áireamh ***más rud é*** nach ***gcomhlíonann*** an soláthraí seirbhíse lena mbaineann na hoibleagáidí a eascraíonn as an Rialachán seo ar bhonn córasach nó ar bhonn tráthrialta, lena n-áirítear trí mhoill a chur ar sholáthar na faisnéise d’eintitis leasmhara, agus i gcás inarb ábhartha, ***más rud é go*** bhfuil an soláthraí seirbhísí fógraíochta polaitiúla gníomhach i roinnt Ballstát. I ngach cás ar leith, is fíneálacha agus pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a bheidh sna fíneálacha riaracháin agus sna pionóis airgeadais, agus aird chuí á tabhairt do ***sholáthair na coimircí*** nós imeachta atá leordhóthanach agus inrochtana, agus go háirithe chun a áirithiú go leanfaidh an dioscúrsa polaitiúil de bheith oscailte agus inrochtana. | (63) Ba cheart d’údaráis na ***mBallstát*** a áirithiú go ngearrfar fíneálacha riaracháin nó pionóis airgeadais i ngeall ar sháruithe ar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo. Agus é sin a dhéanamh acu, ba cheart dóibh aird a thabhairt ar chineál, tromchúis, atarlú agus fad an tsáraithe, i bhfianaise leas an phobail atá i gceist, raon feidhme agus cineál na ngníomhaíochtaí a rinneadh, mar aon le hacmhainn eacnamaíoch an té a rinne an sárú. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aird a thabhairt ar an ról ríthábhachtach atá ag na hoibleagáidí a leagtar síos in ***Airteagal 7*** le haghaidh shaothrú éifeachtach chuspóirí an Rialacháin atá i bhfeidhm faoi láthair. Thairis sin, ba cheart dóibh a chur san áireamh ***cibé an mainníonn no*** nach ***mainníonn*** an soláthraí seirbhíse lena mbaineann na hoibleagáidí a eascraíonn as an Rialachán seo ***a chomhlíonadh*** ar bhonn córasach nó ar bhonn tráthrialta, lena n-áirítear trí mhoill a chur ar sholáthar na faisnéise d’eintitis leasmhara, agus i gcás inarb ábhartha, ***cibé atá nó nach*** bhfuil an soláthraí seirbhísí fógraíochta polaitiúla gníomhach i roinnt Ballstát. I ngach cás ar leith, is fíneálacha agus pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a bheidh sna fíneálacha riaracháin agus sna pionóis airgeadais, agus aird chuí á tabhairt do ***sholáthar na gcoimircí*** nós imeachta atá leordhóthanach agus inrochtana, agus go háirithe chun a áirithiú go leanfaidh an dioscúrsa polaitiúil de bheith oscailte agus inrochtana. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 65**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (65) Ba cheart do na Ballstáit fad beacht a dtréimhsí toghcháin a fhoilsiú, arna leagan amach de réir a dtraidisiún toghchánach, agus é a dhéanamh luath go leor roimh thús an fhéilire toghcháin. | (65) Ba cheart do na Ballstáit fad beacht a dtréimhsí toghcháin a fhoilsiú, arna leagan amach de réir a ***gcuid reachtaíochta agus a*** dtraidisiún toghchánach, agus é a dhéanamh luath go leor roimh thús an fhéilire toghcháin. |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 67**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (67) Laistigh de ***2 bhliain*** tar éis gach toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a ***chur isteach ar mheastóireacht agus ar athbhreithniú*** an Rialacháin seo. Agus an tuarascáil sin á ***dhéanamh*** aige, ba cheart don Choimisiún cur chun feidhme an Rialacháin seo i gcomhthéacs toghcháin agus reifrinn eile atá ar siúl san Aontas a chur san áireamh. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh sa tuarascáil inter alia chun a shuí an oiriúnach fós forálacha Iarscríbhinní an Rialacháin seo agus breithniú a dhéanamh an bhfuil gá lena n-athbhreithniú. | (67) Laistigh de ***thréimhse 12 mhí*** tar éis gach toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, ba cheart don Choimisiún tuarascáil ***mheastóireachta*** a ***thíolacadh maidir le hinfheidhmeacht*** an Rialacháin seo. Agus an tuarascáil sin á ***hullmhú*** aige, ba cheart don Choimisiún cur chun feidhme an Rialacháin seo i gcomhthéacs toghcháin agus reifrinn eile atá ar siúl san Aontas a chur san áireamh. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh sa tuarascáil inter alia chun a shuí an oiriúnach fós forálacha Iarscríbhinní an Rialacháin seo agus breithniú a dhéanamh an bhfuil gá lena n-athbhreithniú. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) oibleagáidí comhchuibhithe trédhearcachta le haghaidh soláthraithe fógraíochta polaitiúla agus seirbhísí gaolmhara maidir le faisnéis a bhaineann le | (a) oibleagáidí comhchuibhithe trédhearcachta ***agus díchill chuí*** le haghaidh soláthraithe fógraíochta polaitiúla ***digití*** agus seirbhísí gaolmhara maidir le |

| | |
|---|---|
| soláthar seirbhísí den sórt sin a choinneáil, a nochtadh agus a fhoilsiú; | faisnéis a bhaineann le soláthar seirbhísí den sórt sin a choinneáil, a nochtadh agus a fhoilsiú; |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) rialacha comhchuibhithe maidir le húsáid teicnící spriocdhírithe agus ***aimpliúcháin*** i gcomhthéacs ***fógraíochta polaitiúla*** a fhoilsiú, a scaipeadh nó a cur chun cinn, ar teicnící iad a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta. | (b) rialacha comhchuibhithe maidir le húsáid teicnící spriocdhírithe agus ***seachadta fógraí*** i gcomhthéacs ***fógraíocht pholaitiúil dhigiteach*** a fhoilsiú, a scaipeadh nó a cur chun cinn, ar teicnící iad a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta. |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le fógraíocht pholaitiúil a dhéantar a ullmhú, a shuíomh, a chur chun cinn, a fhoilsiú nó a scaipeadh san Aontas, nó a dhírítear ar dhaoine aonair i ***mBallstáit*** amháin nó i roinnt Ballstát, gan beann ar áit bhunaíochta an tsoláthraí seirbhísí fógraíochta***, agus gan beann ar na modhanna a úsáidtear***. | 2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le fógraíocht pholaitiúil ***dhigiteach*** a dhéantar a ullmhú, a shuíomh, a chur chun cinn, a fhoilsiú nó a scaipeadh san Aontas ***i gcomhthéacs feachtais toghcháin ar an leibhéal Eorpach agus náisiúnta***, nó a dhírítear ar dhaoine aonair i ***mBallstát*** amháin nó i roinnt Ballstát ***i gcomhthéacs feachtais toghcháin ar an leibhéal Eorpach agus náisiúnta***, gan beann ar áit bhunaíochta an tsoláthraí seirbhísí fógraíochta. |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le fógraíocht pholaitiúil a dhéantar a ullmhú, a shuíomh, a chur chun cinn, a fhoilsiú nó a scaipeadh san Aontas, nó a dhírítear ar dhaoine aonair i ***mBallstáit*** amháin nó i roinnt Ballstát, gan beann ar áit bhunaíochta an tsoláthraí seirbhísí fógraíochta***, agus gan beann ar na modhanna a úsáidtear***. | 2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le fógraíocht pholaitiúil ***dhigiteach*** a dhéantar a ullmhú, a shuíomh, a chur chun cinn, a fhoilsiú nó a scaipeadh san Aontas, nó a dhírítear ar dhaoine aonair i ***mBallstát*** amháin nó i roinnt Ballstát, gan beann ar áit bhunaíochta an tsoláthraí seirbhísí fógraíochta. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***cur*** le feidhmiú cuí ***mhargadh*** inmheánaigh ***na fógraíochta polaitiúla*** agus ***a*** seirbhísí gaolmhara; | (a) ***chun ranchuidiú*** le feidhmiú cuí***, sábháilte, intuartha agus iontaofa an mhargaidh*** inmheánaigh ***le haghaidh fógraíocht pholaitiúil*** agus seirbhísí gaolmhara***, lena n-áirithítear go ndéanfar cearta agus saoirsí bunúsacha a chumhdaítear sa Chairt a chosaint go héifeachtach***; |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta***.*** | (b) daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ***i dtaca le fógraíocht pholaitiúil;*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 3 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba)	chun seasamh leis na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe mar a bhunaítear le hAirteagal 2 CAE, go háirithe an urraim don daonlathas agus don tsaoirse, trí fhógraíocht pholaitiúil dhigiteach agus spriocdhíriú ar líne a dhéanamh níos trédhearcaí agus an litearthacht dhigiteach agus an litearthacht sna meáin a chur chun cinn i measc saoránach, agus ar an gcaoi sin an daonlathas a neartú agus ag ráthú gur féidir le saoránaigh a gcearta daonlathacha a fheidhmiú ar bhealach feasach agus saor ó chúbláil.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4.	Tá an Rialachán seo gan dochar do na rialacha a leagtar síos leis an méid seo a leanas: | 4.	Tá an Rialachán seo ***ina chomhlánú agus tá sé*** gan dochar do na rialacha a leagtar síos leis an méid seo a leanas: |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 4 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ga)	Rialachán (AE) 2016/679 (RGCS);*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 4 – pointe g b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(gb) Rialachán (AE) 2018/1725;*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 4 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) Rialachán (AE) ***2021/xxx [an Ionstraim*** um Sheirbhísí Digiteacha]. | (i) Rialachán (AE) ***2022/xxx [an Gníomh*** um Sheirbhísí Digiteacha] ***agus Rialachán (AE) 2022/xxx [an Gníomh um Margaí Digiteacha]***. |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ciallaíonn 'fógraíocht pholaitiúil' teachtaireacht a ***ullmhú, a*** shuíomh, a chur chun cinn, a fhoilsiú nó a scaipeadh***, trí aon mhodh***: | 2. ciallaíonn 'fógraíocht pholaitiúil' ***seirbhís mar a shainmhínítear in Airteagal 57 CFAE a dhéanann*** teachtaireacht a shuíomh, a chur chun cinn, a fhoilsiú nó a scaipeadh: |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar thoradh toghcháin nó reifrinn, ar ***phróiseas*** reachtach nó rialála ***nó ar iompraíocht vótála***. | (b) a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ***iompraíocht vótála nó ar*** thoradh toghcháin nó reifrinn, ar ***próiseas*** reachtach nó rialála ***é***. |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 – pointe -a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) rialtas, comhlachtaí rialtas, bíodh pearsantacht dhlítheanach acu nó ná bíodh, rialtas áitiúil, comhlachtaí rialtas áitiúil, bíodh pearsantacht dhlítheanach acu nó ná bíodh, agus fondúireachtaí poiblí díobh;*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-aa) Parlaimint na hEorpa, parlaimintí náisiúnta, réigiúnacha, agus áitiúla;*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 – pointe a b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-ab) institiúid de chuid an Aontais agus a chomhlachtaí, bíodh pearsantacht dhlítheanach acu nó ná bíodh;*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 – pointe a c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-ac) eagraíochtaí idirnáisiúnta agus idir-rialtasacha;*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ha) aon eagraíocht neamhrialtasach a oibríonn laistigh de limistéar an Aontais agus a fhaigheann cistí poiblí go díreach nó go hindíreach.*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. ciallaíonn ‘feachtas fógraíochta polaitiúla’ sraith d’fhógraí nasctha a ***ullmhú, a*** shuíomh, a chur chun cinn, a fhoilsiú nó a scaipeadh i rith conradh le haghaidh fógraíocht pholaitiúil, ar bhonn ullmhú, urraíocht nó ***maoiniú*** coiteann; | 6. ciallaíonn ‘feachtas fógraíochta polaitiúla’ sraith d’fhógraí ***polaitiúla digiteacha*** nasctha a shuíomh, a chur chun cinn, a fhoilsiú nó a scaipeadh i rith conradh le haghaidh fógraíocht pholaitiúil, ar bhonn ullmhú, urraíocht nó ***cistiú*** coiteann; |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. ciallaíonn ‘urraitheoir’ an duine nádúrtha nó dlítheanach ar thar a cheann a ***ndéantar*** fógra polaitiúil a ***ullmhú, a*** shuíomh, a fhoilsiú nó a scaipeadh; | 7. ciallaíonn ‘urraitheoir’ an duine nádúrtha nó dlítheanach ar thar a cheann a ***dhéantar*** fógra polaitiúil ***digiteach*** a shuíomh, a fhoilsiú nó a scaipeadh; |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. ciallaíonn 'teicnící spriocdhírithe ***agus aimpliúcháin***' teicnící ***a úsáidtear*** chun fógra polaitiúil ***spriocdhírithe*** a dhíriú ar dhuine ***sonrach*** nó ar ghrúpa daoine ***sonrach*** amháin ***nó chun cúrsaíocht, raon feidhme nó infheictheacht fógra pholaitiúil a mhéadú***; | 8. ciallaíonn 'teicnící spriocdhírithe' teicnící ***atá ar fáil agus in úsáid ag an urraitheoir*** chun ***an spriocphobal féideartha atá ag*** fógra polaitiúil ***digiteach saincheaptha*** a ***chinneadh chun é a*** dhíriú ar dhuine ***atá incháilithe*** nó ar ghrúpa daoine ***atá incháilithe*** amháin; |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8a. ciallaíonn 'teicnící seachadta fógraí' teicnící a úsáideann foilsitheoirí nó soláthraithe eile seirbhísí fógraíochta polaitiúla chun fógra polaitiúil digiteach saincheaptha a sheachadadh ar dhaoine aonair sonracha amháin a áirítear sa ghrúpa daoine aonair arb iad an lucht féachana spriocdhírithe iad mar a shainigh urraitheoir an fhógra pholaitiúil dhigitigh;*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. ciallaíonn 'tréimhse thoghcháin' an tréimhse roimh thoghchán nó reifreann i mBallstát nó an tréimhse le linn toghcháin nó reifrinn nó díreach ina ndiaidh, tréimhse a bhfuil na gníomhaíochtaí feachtais faoi réir rialacha sonracha lena linn; | 9. ciallaíonn 'tréimhse thoghcháin' an tréimhse roimh thoghchán nó reifreann i mBallstát nó an tréimhse le linn toghcháin nó reifrinn nó díreach ina ndiaidh, ***mar a shainmhínítear i reachtaíocht an Aontais nó sa reachtaíocht náisiúnta,*** tréimhse a bhfuil na gníomhaíochtaí feachtais faoi réir rialacha sonracha lena linn; |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. ciallaíonn 'toghthóirí ábhartha' an grúpa daoine aonair atá incháilithe le vóta a chaitheamh sa toghchán nó sa reifreann atá á reáchtáil sa Bhallstát ina bhfuil fógra polaitiúil i gcúrsaíocht, agus d'fhéadfadh na toghthóirí ar fad i mBallstáit a bheith i gceist; | 10. ciallaíonn 'toghthóirí ábhartha' an grúpa daoine aonair atá incháilithe le vóta a chaitheamh sa toghchán nó sa reifreann atá á reáchtáil sa Bhallstát ina bhfuil fógra polaitiúil ***digiteach*** i gcúrsaíocht, agus d'fhéadfadh na toghthóirí ar fad i mBallstáit a bheith i gceist; |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 11. ciallaíonn 'foilsitheoir fógraíochta polaitiúla' duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann fógraíocht pholaitiúil a ***chraoladh, a*** chur ar fáil trí chomhéadan nó a chur san fhearann poiblí ar bhealach eile ***trí aon mhodh***; | 11. ciallaíonn 'foilsitheoir fógraíochta polaitiúla' duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann fógraíocht pholaitiúil ***dhigiteach*** a chur ar fáil trí chomhéadan nó a chur san fhearann poiblí ar bhealach eile; |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun críocha na chéad mhíre, ***pointe*** (2) teachtaireachtaí ó fhoinsí oifigiúla maidir le heagrú agus módúlachtaí le haghaidh rannpháirtíocht i dtoghcháin nó i reifrinn nó le haghaidh rannpháirtíocht i dtoghcháin nó i reifrinn a chur chun cinn***, ní fógraíochta pholaitiúil a bheidh sna teachtaireachtaí sin***. | Chun críocha na chéad mhíre, ***pointe*** (2)***, ní fógraíocht pholaitiúil a bheidh i dtuairimí polaitiúla a chuirtear in iúl faoi fhreagracht eagarthóireachta soláthraí seirbhíse meán agus a dhéantar iad a shuíomh, a chur chun cinn, a fhoilsiú nó a scaipeadh gan aon chineál luacha saothair ó thríú páirtí agus a léirítear faoi fhreagracht eagarthóireachta foilsitheora preasa nó soláthraí seirbhíse, chomh*** |

***maith le*** teachtaireachtaí ó fhoinsí oifigiúla maidir le heagrú agus módúlachtaí le haghaidh rannpháirtíocht i dtoghcháin nó i reifrinn nó le haghaidh rannpháirtíocht i dtoghcháin nó i reifrinn a chur chun cinn.

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 2a*** |
| | ***Critéir chun fógra polaitiúil ar líne a shainaithint*** |
| | ***Lena chinneadh cibé an ionann teachtaireacht agus fógra polaitiúil ar líne de réir bhrí Airteagal 2(2)(b) agus an bhfuil tionchar aici ar iompraíocht vótála nó ar thoradh toghcháin nó reifrinn, ar próiseas reachtach nó rialála é, cuirfear san áireamh na gnéithe seo a leanas:*** |
| | ***(a) a bhfuil sa teachtaireacht;*** |
| | ***(b) urraitheoir na teachtaireachta;*** |
| | ***(c) an teanga a úsáidtear chun an teachtaireacht a chur in iúl;*** |
| | ***(d) an lucht féachana spriocdhírithe;*** |
| | ***(e) an comhthéacs ina dtugtar an teachtaireacht, lena n-áirítear an tréimhse scaipthe amhail tréimhsí toghcháin nó reifrinn;*** |
| | ***(f) cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé beartaithe go n-imreoidh an teachtaireacht tionchar ar na toghthóirí ábhartha;*** |
| | ***(g) cuspóir na teachtaireachta;*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 3a*** |
| | ***Díolúine na micreaghnóthas*** |
| | ***Ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo maidir le micreaghnóthais atá cáilithe faoi Airteagal 3(1) de Threoir 2013/34/AE.*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Soláthrófar seirbhísí fógraíochta polaitiúla ar bhealach trédhearcach i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos in ***Airteagail 5 go 11 agus 14*** den Rialachán seo. | Soláthrófar seirbhísí fógraíochta polaitiúla ***go dícheallach*** ar bhealach trédhearcach ***agus inrochtana*** i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos in ***Airteagail 4a go 11 agus 14*** den Rialachán seo. |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ní sholáthrófar seirbhísí fógraíochta polaitiúla ach amháin d'urraitheoir nó do sholáthraí seirbhíse atá ag gníomhú thar ceann urraitheora ar saoránach den Aontas é, nó do dhuine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil cónaí air san Aontas nó atá bunaithe ann.*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 4a*** |
| | ***Inrochtaineacht*** |
| | ***Áiritheoidh foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla go mbeidh fógraí polaitiúla agus an fhaisnéis trédhearcachta a éilítear de bhun na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo inrochtana do dhaoine faoi mhíchumais trí na ceanglais ábhartha inrochtaineachta a leagtar síos in Iarscríbhinn I de Threoir (AE) 2019/881 a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Iarrfaidh soláthraithe seirbhísí fógraíochta ar urraitheoirí agus soláthraithe seirbhísí fógraíochta a ghníomhaíonn thar ceann urraitheoirí a dhearbhú an seirbhís fógraíochta polaitiúla de réir bhrí ***Airteagal 2***(5) atá sa tseirbhís fógraíochta a ***iarrann*** siad ***ar an soláthraí seirbhíse a chur i gcrích***. Déanfaidh urraitheoirí agus soláthraithe seirbhísí fógraíochta a ghníomhaíonn thar ceann urraitheoirí dearbhú den chineál sin. | 1. Iarrfaidh soláthraithe seirbhísí fógraíochta ***polaitiúla*** ar urraitheoirí agus soláthraithe seirbhísí fógraíochta ***polaitiúla*** a ghníomhaíonn thar ceann urraitheoirí a dhearbhú ***cibé*** an seirbhís fógraíochta polaitiúla de réir bhrí ***Airteagal 2***(5) atá sa tseirbhís fógraíochta a ***ndéanann*** siad ***iarraidh ina leith***. Déanfaidh urraitheoirí agus soláthraithe seirbhísí fógraíochta a ghníomhaíonn thar ceann urraitheoirí ***nó ar son a leasa*** dearbhú den chineál sin. |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. I gcás inar follasach go bhfuil dearbhú nó faisnéis earráideach, iarrfaidh soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla ar na hurraitheoirí nó ar sholáthraithe na seirbhísí*** |

| | |
|---|---|
| | ***fógraíochta polaitiúla a ghníomhaíonn thar ceann urraitheoirí a ndearbhú a cheartú. Déanfaidh urraitheoirí nó soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla a ghníomhaíonn thar ceann urraitheoirí an ceartúchán sin ar bhealach iomlán cruinn agus gan moill mhíchuí.*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 5a*** |
| | ***Dícheall Cuí*** |
| | ***Déanfaidh soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla a ndícheall chun a áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais go léir arna mbunú faoin Rialachán seo sula ndéantar fógra polaitiúil a fhoilsiú agus a scaipeadh.*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) an tseirbhís shonrach nó na seirbhísí sonracha a ***cuireadh*** ar fáil ***maidir*** leis an bhfógraíocht pholaitiúil; | (b) an tseirbhís shonrach nó na seirbhísí sonracha a ***chuir siad*** ar fáil ***i dtaca*** leis an bhfógraíocht pholaitiúil; |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) ***i gcás inarb infheidhme,*** céannacht | (d) céannacht an urraitheora agus a |

| | |
|---|---|
| an urraitheora agus a shonraí teagmhála. | shonraí teagmhála ***agus, i gcás inarb infheidhme, céannacht agus sonraí teagmhála an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a rialaíonn an t-urraitheoir ar deireadh***. |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Is i scríbhinn a bheidh an fhaisnéis dá dtagraítear i ***mír 1*** agus féadfaidh sí a bheith i bhfoirm leictreonach. Coinneofar faisnéis den sórt sin ar feadh tréimhse 5 bliana ó dháta an ***ullmhaithe, an*** tsuímh, an fhoilsithe nó an scaipthe dheiridh, de réir mar a bheidh. | 2. Is i scríbhinn a bheidh an fhaisnéis dá dtagraítear i ***mír 1*** agus féadfaidh sí a bheith i bhfoirm leictreonach. Coinneofar faisnéis den sórt sin ar feadh tréimhse 5 bliana ó dháta an tsuímh, an fhoilsithe nó an scaipthe dheiridh, de réir mar a bheidh. |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Chun go bhféadfaidh foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, áiritheoidh soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla go gcuirfear in iúl don fhoilsitheoir fógraíochta polaitiúla a scaipfidh an fógra polaitiúil an fhaisnéis dá dtagraítear i ***mír 1***. Tarchuirfear an fhaisnéis sin ar bhealach tráthúil cruinn i gcomhréir le dea-chleachtas agus le caighdeáin an tionscadail, trí bhíthin próiseas caighdeánaithe uathoibrithe i gcás inar féidir sin a dhéanamh go teicniúil. | 3. Chun go bhféadfaidh foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, áiritheoidh soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla go gcuirfear in iúl don fhoilsitheoir fógraíochta polaitiúla a scaipfidh an fógra polaitiúil an fhaisnéis dá dtagraítear i ***mír 1***. Tarchuirfear an fhaisnéis sin ***go digiteach,*** ar bhealach tráthúil cruinn i gcomhréir le dea-chleachtas agus le caighdeáin an tionscadail, trí bhíthin próiseas caighdeánaithe uathoibrithe i gcás inar féidir sin a dhéanamh go teicniúil.<br>***I gcás gurb é an foilsitheoir fógraíochta polaitiúil an t-aon soláthraí seirbhísí fógraíochta polaitiúla, cuirfidh an t-urraitheoir an fhaisnéis ábhartha in iúl*** |

| | |
|---|---|
| | ***don fhoilsitheoir fógraíochta polaitiúla.*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. I gcás ina dtagann soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla ar an eolas go ndearnadh nuashonrú ar an bhfaisnéis a tharchuir siad, áiritheoidh siad go gcuirfear an fhaisnéis nuashonraithe sin in iúl don fhoilsitheoir fógraíochta polaitiúla ábhartha.*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***I gcomhthéacs seirbhísí*** fógraíochta polaitiúla ***a sholáthar, cuirfear gach fógra polaitiúil ar fáil agus*** an fhaisnéis seo a leanas ***ann ag gabháil léi go*** soiléir suntasach agus gan débhrí: | ***Cuirfidh an foilsitheoir*** fógraíochta polaitiúla an fhaisnéis seo a leanas ***ar fáil i leith gach fógra polaitiúil ar bhealach atá*** soiléir***,*** suntasach***, cuimsitheach, simplí*** agus gan débhrí: |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ráiteas á rá gur fógra polaitiúil atá ann; | (a) ráiteas ***soiléir agus simplí*** á rá gur fógra polaitiúil atá ann; |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) céannacht urraitheoir an fhógra pholaitiúil agus an ***eintitis*** a rialaíonn an t-urraitheoir ar deireadh; | (b) céannacht urraitheoir an fhógra pholaitiúil agus***, i gcás inarb iomchuí,*** an ***duine nádúrtha nó dhlítheanaigh*** a rialaíonn an t-urraitheoir ar deireadh; |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) fógra trédhearcachta chun go ***bhféadfaidh*** comhthéacs níos leithne an fhógra pholaitiúil agus a aidhmeanna a thuiscint, sin nó léiriú soiléir ar an áit ar féidir an fógra trédhearcachta sin a fháil. | (c) fógra trédhearcachta chun go ***mbeidh faighteoir an fhógra pholaitiúil in ann*** comhthéacs níos leithne an fhógra pholaitiúil agus a aidhmeanna a thuiscint, sin nó léiriú soiléir ar an áit ar féidir an fógra trédhearcachta sin a fháil. |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) céannacht an urraitheora agus a shonraí teagmhála; | (a) céannacht an urraitheora agus***, i gcás inarb infheidhme, an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh*** a ***rialaíonn an t-urraitheoir ar deireadh agus a*** shonraí teagmhála ***lena n-áirítear i gcás daoine dlíthiúla, a n-áit bhunaíochta***; |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) bunaithe, i measc nithe eile, ar fhaisnéis a fhaightear i gcomhréir le | (c) bunaithe, i measc nithe eile, ar fhaisnéis a fhaightear i gcomhréir le |

| | |
|---|---|
| ***hAirteagal 6***(3), faisnéis maidir leis na méideanna comhiomlána a caitheadh nó maidir le sochair eile a fuarthas mar pháirtmhalairt nó mar mhalairt iomlán ar ***an bhfógra*** lena mbaineann a ***ullmhú, a*** shuíomh, a chur chun cinn, a fhoilsiú agus a scaipeadh, agus ar ***an bhfeachtas*** fógraíochta polaitiúla i gcás inarb ábhartha, agus a bhfoinsí; | ***hAirteagal 6***(3), faisnéis maidir leis na méideanna comhiomlána a caitheadh nó maidir le sochair eile a fuarthas mar pháirtmhalairt nó mar mhalairt iomlán ar ***gach fógra*** lena mbaineann a shuíomh, a chur chun cinn, a fhoilsiú agus a scaipeadh, agus ar ***gach feachtas*** fógraíochta polaitiúla ***faoi seach*** i gcás inarb ábhartha, agus a bhfoinsí; |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) i gcás inarb infheidhme, léiriú ar thoghcháin nó reifrinn a bhfuil baint ag an bhfógra leo; | (d) i gcás inarb infheidhme, léiriú ar thoghcháin nó reifrinn a bhfuil baint ag an bhfógra leo***, agus na timthriallta toghcháin ábhartha***; |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) i gcás inarb infheidhme, naisc chuig stórtha fógraí ar líne; | (e) i gcás inarb infheidhme, naisc chuig stórtha fógraí ***polaitiúla*** ar líne ***áit a bhfuil an fógra ar fáil***; |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla iarrachtaí réasúnta chun a áirithiú ***gur iomlán atá*** an fhaisnéis dá dtagraítear i ***míreanna 1*** agus ***2, agus*** i gcás ina ***gcinnfidh siad nach amhlaidh atá***, ní | 3. Déanfaidh foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla iarrachtaí réasúnta chun a áirithiú ***go bhfuil*** an fhaisnéis dá dtagraítear i ***míreanna 1 agus 2 iomlán*** agus ***cruinn.*** I gcás ina ***bhfaighidh an foilsitheoir*** |

| | |
|---|---|
| chuirfidh ***siad*** an fógra polaitiúil ar fáil. | ***fógraíochta polaitiúla amach go bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán nó míchruinn***, ***déanfaidh sé iarrachtaí réasúnacha chun an fhaisnéis sin a chomhlánú nó a cheartú, lena n-áirítear, de réir mar is ábhartha, trí theagmháil a dhéanamh leis an urraitheoir nó leis na soláthraithe seirbhíse ábhartha. Go dtí go mbeidh an fhaisnéis sin ceartaithe,*** ní chuirfidh an ***foilsitheoir fógraíochta polaitiúla an*** fógra polaitiúil ar fáil ***nó bainfidh sé anuas é***. ***Cuirfidh an foilsitheoir an t-urraitheoir nó an soláthraí seirbhísí ábhartha a ghníomhaíonn thar ceann na n-urraitheoirí ar an eolas dá réir sin.*** |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Nuair a thagann an t-urraitheoir nó soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla ar an eolas go bhfuil an fhaisnéis arna tarchur chuig an bhfoilsitheoir fógraíochta polaitiúla nó arna foilsiú aige neamhiomlán nó míchruinn, rachaidh siad i dteagmháil leis an bhfoilsitheoir fógraíochta polaitiúla lena mbaineann, gan moill mhíchuí, agus de réir mar is ábhartha, tarchuirfidh siad an fhaisnéis chomhlánaithe nó cheartaithe chuig an bhfoilsitheoir fógraíochta polaitiúla.*** |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Coimeádfar fógraí trédhearcachta cothrom le dáta agus cuirfear i láthair iad i | 4. Coimeádfar fógraí trédhearcachta cothrom le dáta agus cuirfear i láthair iad i |

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| bhformáid ***atá*** inrochtana go héasca, le feiceáil go soiléir agus soláimhsithe, lena n-áirítear trí teanga shoiléir ***a úsáid***, agus ***i gcás inar féidir sin a dhéanamh go teicniúil, cuirfear i láthair iad i bhformáid atá inléite ag meaisín***. Foilseoidh an foilsitheoir fógraíochta polaitiúla an fhaisnéis in éineacht leis an bhfógra polaitiúil ó thráth a chéad fhoilsithe go ***bliain*** amháin i ndiaidh a ***fhoilsiú dheiridh***. | bhformáid ***a bheidh*** inrochtana go héasca, ***agus i gcás ina mbeidh sé indéanta go teicniúil, inléite ag meaisín,*** le feiceáil go soiléir agus soláimhsithe, lena n-áirítear trí ***úsáid a bhaint as*** teanga shoiléir ***agus shimplí***, agus ***aird chuí á tabhairt ar cheanglais inrochtaineachta mar a leagtar amach in Airteagal 4***. Foilseoidh an foilsitheoir fógraíochta polaitiúla an fhaisnéis in éineacht leis an bhfógra polaitiúil ó thráth a chéad fhoilsithe go ***ceann tréimhse bliana*** amháin i ndiaidh a ***fhoilsithe deiridh***. |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla atá ina n-ardáin an-mhór ar líne de réir bhrí ***Airteagal 25*** de Rialachán (AE) ***2021/xxx*** [DSA], maidir leis na stórtha a chuireann siad ar fáil de bhun ***Airteagal 30*** den Rialachán sin [an ***Ionstraim*** um Sheirbhísí Digiteacha], áiritheoidh siad go gcuirfidh siad an fhaisnéis dá dtagraítear i ***mír 2*** ar fáil i leith gach fógra pholaitiúil sa stór. | 6. Foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla atá ina n-ardáin an-mhór ar líne ***agus ina n-innill chuardaigh an-mhór ar líne*** de réir bhrí ***Airteagal 33*** de Rialachán (AE) ***2022/2065*** [DSA], maidir leis na stórtha a chuireann siad ar fáil de bhun ***Airteagal 39*** den Rialachán sin [an ***Gníomh*** um Sheirbhísí Digiteacha], áiritheoidh siad go gcuirfidh siad an fhaisnéis dá dtagraítear i ***mír 2*** ar fáil i leith gach fógra pholaitiúil sa stór***, ar faisnéis í a ndearnadh nuashonrú ina leith ó thráth chéad fhoilsiú an fhógra agus ina bhfuil gach leagan den fhógra***. |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Maidir le fógraí polaitiúla a fhoilsítear ar ardáin ar líne, déanfaidh foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla nach ardáin an-mhór ar líne ná innill*** |

|  |  |
|---|---|
|  | ***chuardaigh an-mhór ar líne iad de réir bhrí Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2022/2065 [an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha], an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a chur ar fáil i stór tiomnaithe.*** |
|  | ***Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 19 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí rialacha a leagan amach maidir le struchtúr, eagrú agus feidhmiúlachtaí na stórtha dá dtagraítear sa chéad fhomhír.*** |
|  | ***Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe den sórt sin [de réir lae/míosa/bliana] ar bhonn measúnú tionchair ar na roghanna féideartha chun an ceanglas a leagtar síos ann a chur chun feidhme. Beidh feidhm ag an oibleagáid a leagtar amach sa chéad fhomhír [X] mí tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear sa dara fomhír.*** |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Na Ballstáit, lena n-áirítear na húdaráis inniúla, agus an Coimisiún ***tabharfaidh siad*** spreagadh chun cóid iompair a tharraingt suas ***a chuideoidh*** le cur i bhfeidhm cuí an Airteagail seo, agus saintréithe sonracha na soláthraithe ábhartha seirbhíse lena mbaineann á gcur san áireamh mar aon le riachtanais shonracha na ***micreafhiontar agus na*** bhfiontar beag agus meánmhéide, de réir bhrí ***Airteagal 3 de Threoir 2013/34/AE***. | 7. ***Tabharfaidh*** na Ballstáit, lena n-áirítear na húdaráis inniúla, agus an Coimisiún spreagadh chun cóid iompair a tharraingt suas ***atá beartaithe chun rannchuidiú*** le cur i bhfeidhm cuí an Airteagail seo, agus saintréithe sonracha na soláthraithe ábhartha seirbhíse lena mbaineann á gcur san áireamh mar aon le riachtanais shonracha na bhfiontar beag agus meánmhéide, de réir bhrí ***Airteagal 3 de Threoir 2013/34/AE***. |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***8. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 chun Iarscríbhinn I a leasú trí ghnéithe a chur le liosta na faisnéise atá le soláthar de bhun mhír 2, nó gnéithe a mhodhnú nó a bhaint den liosta sin, i gcás inar gá leasú den chineál sin, i bhfianaise forbairtí teicneolaíocha, chun go dtuigfí comhthéacs níos leithne an fhógra pholaitiúil agus a aidhmeanna.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***I gcás ina soláthraíonn*** foilsitheoirí fógraíochta ***seirbhísí fógraíochta*** polaitiúla, mar chuid dá dtuarascáil bhainistíochta de réir bhrí ***Airteagal 19 de Threoir 2013/34/AE*** ina ráitis airgeadais bhliantúla, ***áireoidh siad*** faisnéis maidir leis na méideanna nó le luach na sochar eile a fuarthas mar pháirtmhalairt nó mar mhalairt iomlán ar ***na seirbhísí sin***, lena n-áirítear maidir le húsáid teicnící spriocdhírithe agus ***aimpliúcháin***, arna gcomhiomlánú de réir an fheachtais. | 1. ***Áireoidh*** foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla, mar chuid dá dtuarascáil bhainistíochta de réir bhrí ***Airteagal 19 de Threoir 2013/34/AE*** ina ráitis airgeadais bhliantúla, faisnéis maidir leis na méideanna nó le luach na sochar eile a fuarthas mar pháirtmhalairt nó mar mhalairt iomlán ar ***sheirbhísí fógraíochta polaitiúla***, lena n-áirítear maidir le húsáid teicnící spriocdhírithe agus ***seachadta fógraí***, arna gcomhiomlánú de réir an fheachtais. |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ní bheidh feidhm ag ***mír 1*** maidir | 2. Ní bheidh feidhm ag ***mír 1*** maidir |

| | |
|---|---|
| le gnóthais atá cáilithe faoi ***Airteagal 3(3) de Threoir 2013/34/AE***. | le gnóthais atá cáilithe ***mar fhiontair bheaga agus mheánmhéide*** faoi ***Airteagal 3, míreanna 1 go 3 de Threoir 2013/34/AE***. |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina soláthraíonn siad seirbhísí fógraíochta polaitiúla, cuirfidh foilsitheoirí fógraíochta sásraí i bhfeidhm lena bhféadfaidh daoine ***aonair*** a chur in iúl dóibh, saor in aisce, nach gcomhlíonann fógra ar leith atá foilsithe acu an Rialachán seo. | 1. I gcás ina soláthraíonn siad seirbhísí fógraíochta polaitiúla, cuirfidh foilsitheoirí fógraíochta sásraí i bhfeidhm lena bhféadfaidh daoine ***nádúrtha nó dlítheanacha*** a chur in iúl dóibh, saor in aisce, nach gcomhlíonann fógra ar leith atá foilsithe acu an Rialachán seo. |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Faisnéis maidir le fógraí polaitiúla a thuairisciú, mar a thagraítear dó i ***mír 1***, beidh sí soláimhsithe ag úsáideoirí agus beidh rochtain éasca uirthi, lena n-áirítear ón bhfógra trédhearcachta. | 2. Faisnéis maidir le fógraí polaitiúla a thuairisciú, mar a thagraítear dó i ***mír 1***, beidh sí soláimhsithe ag úsáideoirí agus beidh rochtain éasca uirthi, lena n-áirítear ***ag daoine faoi mhíchumais, fiú*** ón bhfógra trédhearcachta. |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Ceadóidh foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla an fhaisnéis dá dtagraítear i ***mír 1*** a chur isteach go leictreonach. Cuirfidh an foilsitheoir fógraíochta polaitiúla daoine | 3. Ceadóidh foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla an fhaisnéis dá dtagraítear i ***mír 1*** a chur isteach go leictreonach. Cuirfidh an foilsitheoir fógraíochta polaitiúla daoine |

| | |
|---|---|
| ***aonair*** ar an eolas maidir leis an obair leantach arna déanamh de thoradh an chur in iúl dá dtagraítear i ***mír 1***. | ***nádúrtha nó dlítheanacha*** ar an eolas maidir leis an obair leantach arna déanamh de thoradh an chur in iúl dá dtagraítear i ***mír 1 laistigh de thréimhse réasúnta ama***. |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Arna iarraidh sin do na heintitis leasmhara, cuirfidh an foilsitheoir fógraíochta polaitiúla ar an eolas iad maidir leis na cinntí a bhaineann leis an bhfógra dá dtagraítear i mír 1.*** |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Féadfaidh foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla próiseáil na bhfógraí arna dtíolacadh ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha a chur ar fionraí, ar daoine iad a chuireann fógraí isteach go minic agus iad go follasach gan bhunús.*** |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4b. I gcás ina bhfuil drochamhras ar fhoilsitheoir fógraíochta polaitiúla gur bréagaisnéis atá i bhfógra polaitiúil, ba cheart na húdaráis náisiúnta inniúla a chur ar an eolas.*** |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 10a*** |
| | ***Dícheall Cuí le haghaidh seirbhísí fógraíochta polaitiúla*** |
| | ***Déanfaidh soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla a ndícheall chun a áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais go léir arna mbunú faoin Rialachán seo sula ndéantar fógra polaitiúil a fhoilsiú agus a scaipeadh.*** |
| | ***1. Ní bheidh soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla faoi dhliteanas maidir leis an tsainaithint mhícheart, dá dtagraítear in Airteagal 5, nó le faisnéis neamhiomlán nó mhícheart, dá dtagraítear in Airteagail 6 agus 7, maidir le gach fógra polaitiúil, fad is go léiríonn siad go ndearna siad:*** |
| | ***(a) sárdhícheall chun gach cás fógraíochta polaitiúla a shainaithint, agus*** |
| | ***(b) sárdhícheall chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis a bhaineann le gach cás fógraíochta polaitiúla cruinn agus iomlán; agus*** |
| | ***(c) tar éis fógra arna thíolacadh de réir Airteagal 9 a fháil agus a scrúdú, gan an fógra neamhdhleathach polaitiúil a chur ar fáil a thuilleadh, agus go ndearna siad sárdhícheall chun chun aon uaslódálacha todhchaíocha a chosc i gcomhréir le pointí (a) agus (b).*** |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 14a*** |
| | ***Cóid iompair*** |
| | ***1. Tabharfaidh na Ballstáit, na húdaráis mhaoirseachta, agus an Coimisiún spreagadh chun cóid iompair a tharraingt suas atá beartaithe rannchuidiú le cur i bhfeidhm cuí an Rialacháin seo, lena gcuirfear san áireamh gné thrasteorann soláthraithe fógraíochta polaitiúla.*** |
| | ***2. Féadfaidh comhlachais agus comhlachtaí eile a dhéanann ionadaíocht do chatagóirí rialaitheoirí nó próiseálaithe cóid iompair a ullmhú, nó na cóid sin a leasú nó síneadh a chur leo chun cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a shonrú.*** |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Na húdaráis mhaoirseachta dá dtagraítear in ***Airteagal 51*** de Rialachán (AE) 2016/679 nó in ***Airteagal 52*** de Rialachán (AE) 2018/1725, ***beidh siad*** inniúil chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ***Airteagal 12*** den Rialachán seo ina réimse inniúlachta féin. Beidh feidhm mutatis mutandis ag ***Airteagal 58*** de Rialachán (AE) 2016/679 agus ***Airteagal 58*** de Rialachán (AE) 2018/1725. Beidh feidhm ag ***Caibidil VII*** de Rialachán (AE) 2016/679 maidir le gníomhaíochtaí a chumhdaítear faoi ***Airteagal 12*** den Rialachán seo. | 1. ***Gan dochar d’Airteagal 51 de Rialachán (AE) 2016/679 agus Airteagal 52 de Rialachán (AE) 2018/1725, beidh*** na húdaráis mhaoirseachta dá dtagraítear in ***Airteagal 51*** de Rialachán (AE) 2016/679 nó in ***Airteagal 52*** de Rialachán (AE) 2018/1725, inniúil chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ***Airteagal 12*** den Rialachán seo ina réimse inniúlachta féin. Beidh feidhm mutatis mutandis ag ***Airteagal 58*** de Rialachán (AE) 2016/679 agus ***Airteagal 58*** de Rialachán (AE) 2018/1725. Beidh feidhm ag ***Caibidil VII*** de Rialachán (AE) 2016/679 maidir le gníomhaíochtaí a chumhdaítear faoi ***Airteagal 12*** den Rialachán seo. |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 5 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) cláir meán agus cláir um an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn chun an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint a chothú lena féidir le saoránaigh mar aon le soláthraithe seirbhíse fógraíochta polaitiúla páirt a ghlacadh go héifeachtach i bhfoilsiú agus scaipeadh na fógraíochta polaitiúla agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo agus go ndéanfar é a fhorfheidhmiú.*** |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Áiritheoidh na Ballstáit comhar idir na húdaráis inniúla go háirithe faoi chuimsiú líonraí náisiúnta toghchán, chun malartú faisnéise tapa slán a éascú maidir le saincheisteanna a bhaineann le feidhmiú a gcúraimí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin de bhun an Rialacháin seo, lena n-áirítear trí sháruithe a shainaithint go comhpháirteach, torthaí agus saineolas a ***roinnt***, agus teagmháil a dhéanamh lena chéile maidir le rialacha ábhartha a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. | 6. Áiritheoidh na Ballstáit comhar idir na húdaráis inniúla ***agus na húdaráis mhaoirseachta*** go háirithe faoi chuimsiú líonraí náisiúnta toghchán, chun malartú faisnéise tapa ***agus*** slán a éascú maidir le saincheisteanna a bhaineann le feidhmiú a gcúraimí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin de bhun an Rialacháin seo, lena n-áirítear trí sháruithe a shainaithint go comhpháirteach, torthaí agus saineolas a ***chomhroinnt***, agus teagmháil a dhéanamh lena chéile maidir le rialacha ábhartha a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Ainmneoidh gach Ballstát ***aon*** údarás inniúil amháin mar phointe teagmhála ar leibhéal an Aontais chun críocha an Rialacháin seo. | 7. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil amháin mar phointe teagmhála ar leibhéal an Aontais chun críocha an Rialacháin seo***, agus áiritheoidh siad comhar maith idir pointí teagmhála agus údaráis eile ar leibhéal an Aontais***. |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 8 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) go ndéanfaidh údarás inniúil, tar éis iarraidh a bhfuil údar léi a fháil ó údarás inniúil eile, cúnamh a sholáthar don údarás inniúil eile ionas gur féidir na bearta maoirseachta nó forfheidhmiúcháin dá dtagraítear i ***míreanna 4 agus 5*** a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach éifeachtúil agus comhsheasmhach. Arna iarraidh sin ar an údarás inniúil ábhartha, déanfaidh sé, trí na pointí teagmhála dá dtagraítear ***in mír 7*** agus ***laistigh de thréimhse ama atá comhréireach le práinn na hiarrata,*** freagra a thabhairt lena gcuirfear an fhaisnéis arna n-iarraidh in iúl, nó lena ndéanfar an t-údarás inniúil iarratach a chur ar an eolas nach measann an t-údarás go bhfuil na coinníollacha maidir le cúnamh a iarraidh faoin Rialachán seo comhlíonta. | (c) go ndéanfaidh údarás inniúil, tar éis iarraidh a bhfuil údar léi a fháil ó údarás inniúil eile, cúnamh a sholáthar don údarás inniúil eile ionas gur féidir na bearta maoirseachta nó forfheidhmiúcháin dá dtagraítear i ***míreanna 4 agus 5*** a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach**,** éifeachtúil agus comhsheasmhach. Arna iarraidh sin ar an údarás inniúil ábhartha, déanfaidh sé, trí na pointí teagmhála dá dtagraítear ***i mír 7*** agus ***gan moill mhíchuí*** freagra a thabhairt lena gcuirfear an fhaisnéis arna n-iarraidh in iúl, nó lena ndéanfar an t-údarás inniúil iarratach a chur ar an eolas nach measann an t-údarás go bhfuil na coinníollacha maidir le cúnamh a iarraidh faoin Rialachán seo comhlíonta. ***Ní úsáidfear aon fhaisnéis a malartaíodh i gcomhthéacs an chúnaimh a iarradh agus a chuirtear ar fáil faoin Airteagal seo ach amháin i ndáil leis an ábhar a ndearnadh iarradh ina leith.*** |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Tiocfaidh na pointí teagmhála le chéile ***go tráthrialta*** ar leibhéal ***ar*** Aontais faoi chuimsiú an Líonra Eorpaigh ***Comhair maidir le Toghcháin*** chun malartú faisnéise tapa slán a éascú maidir le saincheisteanna a bhaineann le feidhmiú a gcúraimí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin de bhun an Rialacháin seo. | 9. Tiocfaidh na pointí teagmhála le chéile ***dhá uair sa bhliain*** ar ***a laghad ar*** leibhéal ***an*** Aontais faoi chuimsiú an Líonra ***Comhair*** Eorpaigh ***um Thoghcháin*** chun malartú faisnéise tapa ***agus*** slán a éascú maidir le saincheisteanna a bhaineann le feidhmiú a gcúraimí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin de bhun an Rialacháin seo. |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) cineál, tromchúis agus fad an tsáraithe; | (a) cineál, tromchúis***, atarlú*** agus fad an tsáraithe; |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Measfar gur tromchúiseach iad go háirithe sáruithe ar ***Airteagal*** *7* i gcás ina mbaineann siad le fógraíocht pholaitiúil a foilsíodh nó a scaipeadh le linn tréimhse thoghcháin agus a dhírítear ar shaoránaigh sa Bhallstát ina bhfuil an toghchán ábhartha á eagrú. | 4. Measfar gur tromchúiseach iad go háirithe sáruithe ar ***Airteagal*** *7* i gcás ina mbaineann siad le fógraíocht pholaitiúil ***dhigiteach*** a foilsíodh nó a scaipeadh le linn tréimhse thoghcháin agus a dhírítear ar shaoránaigh sa Bhallstát ina bhfuil an toghchán ábhartha á eagrú. |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Má sháraíonn soláthraí seirbhíse forálacha an Rialacháin seo d'aon ghnó nó le faillí, maidir leis an bhfógraíocht pholaitiúil chéanna nó le fógraíocht pholaitiúil nasctha, beidh an fhíneáil riaracháin inchoigeartaithe go leordhóthanach chun na tosca ábhartha ar fad a chur san áireamh; i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, léireofar le méid na fíneála san iomlán gur sáraíodh an Rialachán i níos mó ná bealach amháin. | 5. Má sháraíonn soláthraí seirbhíse forálacha an Rialacháin seo d'aon ghnó nó le faillí ***go leanúnach***, maidir leis an bhfógraíocht pholaitiúil chéanna nó le fógraíocht pholaitiúil nasctha, beidh ***méid iomlán*** an fhíneáil riaracháin inchoigeartaithe go leordhóthanach chun na tosca ábhartha ar fad a chur san áireamh; i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, léireofar le méid na fíneála san iomlán gur sáraíodh an Rialachán i níos mó ná bealach amháin. |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Laistigh de ***2 bhliain*** tar éis gach toghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus den chéad uair faoin ***31 Nollaig 2026*** ar a dhéanaí, ***cuirfidh*** an Coimisiún tuarascáil ***isteach, tuarascáil ar mheastóireacht agus athbhreithniú*** an Rialacháin seo. Sa tuarascáil sin déanfar measúnú ar an ngá leis an Rialachán seo a leasú. Cuirfear an tuarascáil ar fáil don phobal. | Laistigh de ***thréimhse 12 mhí*** tar éis gach toghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus den chéad uair faoin ***31 Nollaig 2025*** ar a dhéanaí, ***déanfaidh*** an Coimisiún tuarascáil ***mheastóireachta a thíolacadh maidir le hinfheidhmeacht*** an Rialacháin seo. Sa tuarascáil sin déanfar measúnú ar an ngá ***atá*** leis an Rialachán seo a leasú. Cuirfear an tuarascáil ar fáil don phobal. |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 19*** | ***scriosta*** |
| ***An tarmligean a fheidhmiú*** | |
| ***1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun*** | |

***gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.***

***2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 7(8) agus in Airteagal 12(8) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse [go dtí go ndéanfar meastóireacht ar chur i bhfeidhm an Rialachán seo, 2 bhliain tar éis na chéad toghchán eile do Pharlaimint na hEorpa].***

***3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 7(8) agus Airteagal 12(8) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.***

***4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin ngníomh sin.***

***5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 7(8) nó Airteagal 12(8) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.***

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) i gcás nach bhfuil an fógra trédhearcachta laistigh den fhógra ***polaitiúil*** é féin, sampla den fhógra polaitiúil nó léiriú air nó nasc chuige. | (a) i gcás nach bhfuil an fógra trédhearcachta laistigh den fhógra é féin, sampla den fhógra polaitiúil ***digiteach*** nó léiriú air nó nasc chuige. |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) céannacht agus bunaíocht an urraitheora a scaiptear an fógra thar a cheann, lena n-áirítear a ainm, a sheoladh, a uimhir theileafóin agus a sheoladh ríomhphoist, agus ***más*** eintiteas nádúrtha nó eintiteas dlítheanach é. | (b) céannacht agus bunaíocht an urraitheora a scaiptear an fógra ***polaitiúil digiteach*** thar a cheann, lena n-áirítear a ainm, a sheoladh, a uimhir theileafóin agus a sheoladh ríomhphoist, agus ***cibé an*** eintiteas nádúrtha nó eintiteas dlítheanach é. |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) an tréimhse a scaiptear an fógra polaitiúil lena linn agus, i gcás inarb infheidhme agus más eol don fhoilsitheoir é, más rud é gur scaipeadh an fógra céanna roimhe seo. | (c) an tréimhse a scaiptear an fógra polaitiúil ***digiteach*** lena linn agus, i gcás inarb infheidhme agus más eol don fhoilsitheoir é, más rud é gur scaipeadh an fógra céanna roimhe seo. |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (d) aon ***toghchán*** a bhfuil an fhógraíocht nasctha leis, más infheidhme. | (d) aon ***timthriall toghcháin, phróiseas reachtach nó rialála*** a bhfuil an fhógraíocht ***pholaitiúil dhigiteach*** nasctha leis, más infheidhme. |

**Amendment 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (i) i gcás ina bhfuil an fógra nasctha le toghcháin nó reifrinn shonracha, naisc chuig faisnéis oifigiúil maidir leis na módúlachtaí le haghaidh rannpháirtíocht sa toghchán nó sa reifreann lena mbaineann. | (i) i gcás ina bhfuil an fógra ***polaitiúil digiteach*** nasctha le toghcháin nó reifrinn shonracha, naisc chuig faisnéis oifigiúil maidir leis na módúlachtaí le haghaidh rannpháirtíocht sa toghchán nó sa reifreann lena mbaineann. |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla |
| **Tagairtí** | COM(2021)0731 – C9-0433/2021 – 2021/0381(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO<br>13.12.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | JURI<br>13.12.2021 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Angelika Niebler<br>28.2.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 30.6.2022 5.9.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 29.11.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 14<br>–: 5<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pascal Arimont, Ilana Cicurel, Virginie Joron, Gilles Lebreton, Karen Melchior, Sabrina Pignedoli, Jiří Pospíšil, Adrián Vázquez Lázara, Marion Walsmann, Tiemo Wölken, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alessandra Basso, Patrick Breyer, Daniel Buda, Angelika Niebler, Emil Radev, Nacho Sánchez Amor, Yana Toom |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | João Albuquerque, Michael Gahler, Claude Gruffat |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 14 | + |
|---|---|
| PPE | Pascal Arimont, Michael Gahler, Angelika Niebler, Jiří Pospíšil, Emil Radev, Marion Walsmann, Javier Zarzalejos |
| RENEW | Ilana Cicurel, Karen Melchior, Yana Toom, Adrián Vázquez Lázara |
| S&D | João Albuquerque, Nacho Sánchez Amor, Tiemo Wölken |

| 5 | - |
|---|---|
| ID | Virginie Joron, Gilles Lebreton |
| NI | Sabrina Pignedoli |
| VERTS/ALE | Patrick Breyer, Claude Gruffat |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ID | Alessandra Basso |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh